

Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Tuarascáil Bhliantúil 2015



Áras
Nua-
Ealaíne
na
hÉireann

Clár Ábhar

Brollach leis an gCathaoirleach	2
Athbhreithniú an Stiúrthóra:	5
Taispeántais agus Tionscadail 2015	5
Rannpháirtíocht agus Foghlaim 2015	12
Bailiúchán ÁNEÉ 2015	15
An Lucht Féachana agus Forbairt	22
Gníomhaíochtaí Tráchtála	25
Aguisín 1 – Éadálacha Nua 2015	26
Aguisín 2 – Freastal ar Chruinnithe Boird 2015	42
Ráitis Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2015	43

Brollach leis an gCathaoirleach.

Lean ÁNEÉ in 2015 lena chroímhisean a chomhlíonadh chun an lucht féachana agus an ealaín a cheangal le clár uaimhianach d'ealaín idirnáisiúnta agus chomhaimseartha ealaíne i gcaitheamh 2015. Ó athosclaíodh é in 2013, dhírigh ÁNEÉ ar dheiseanna a chruthú do lucht féachana nua chun ceangal a dhéanamh le healaín chomhaimseartha agus lean seo ar aghaidh in 2015, tráth a cuireadh réimse imeachtaí beo agus cláir thrasdisciplíneacha ar bun agus a baineadh úsáid fhairsing as suíomh Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann mar acmhainn chruthaitheach d'ealaíontóirí agus do lucht féachana. Lean borradh ag teacht ar an lucht féachana agus thug 485,702 cuairteoir cuairt ar ár suíomh in 2015; arb ionann seo agus méadú 58% ar líon cuairteoirí 2014 agus d'eascair go raibh ÁNEÉ ar an tríú díol spéise cultúrtha saor in aisce ba mhó ar tugadh cuairt air in Éirinn as seo. Chomh maith leis sin, d'eascair borradh suntasach ar líne i gcaitheamh na bliana as forbairt ár straitéise chun ardáin dhigiteacha a úsáid mar bhealach chun rannpháirtíocht a dhoimhniú lenár gclár.

Áiríodh le clár 2015 ÁNEÉ saothar le cuid de na healaíontóirí is mó a théann i gcion agus is mó a bhfuil cáil orthu ar domhan agus léirítear léirtheiscint ar fhairsinge agus ar uaimhian chlár an mhúsaeim inár líon méadaithe cuairteoirí agus freisin sa mhéadú suntasach a tháinig ar thacaíocht dhaonchairdiúil agus chorparáideach a bhí ÁNEÉ in ann a bhaint amach in 2015.

Tá dearcadh idirnáisiúnta ag ÁNEÉ, ach táimid bunaithe go smior inár gcomhthéacs áitiúil, agus mar an Institiúid Náisiúnta um ealaín chomhaimseartha, táimid tiomanta do thacú le healaíontóirí Éireannacha agus le forbairt agus le taitneamh a bhaint as an ealaín go hidirnáisiúnta. Lean ÁNEÉ le tacú le healaíontóirí Éireannacha trína chlár, agus ealaíontóirí Éireannacha a chur ar ardán trí thaispeántais aonair, coimisiúnú nua, cónaitheacht agus baint inár gclár Rannpháirtíochta agus Foghlama. Imscrúdaíonn snáithe leanúnach inár gclár stair ealaín na hÉireann mar scéal athraitheach agus lean seo ar aghaidh in 2015 le taispeántas iardhearcach **Gerda Frömel** a bhfuil moladh faighte aige ó na léirmheastóirí a thug chun solais den chéad uair ar dhuine mór le rá i stair ealaín na hÉireann le déanaí a ligeadh i ndearmad den chuid ba mhó ach a d'imir tionchar mór. Le blianta beaga anuas, d'fhorbraíomar straitéisí nua chun tacú leis na hamharc-ealaíona in Éirinn trínár saoráidí cónaitheachta a roinnt le heagraíochtaí amharc-ealaíona eile mar thacaíocht chomhchineáil lena gclár. Tugaimid cuireadh, chomh maith, roimh choimeádaithe idirnáisiúnta teacht go hÉirinn chun taighde a dhéanamh ar ealaín na hÉireann agus chun tabhairt faoi chuairteanna tábhachtacha ar stiúideonna le healaíontóirí anseo in Éirinn le cláir idirnáisiúnta a spreagadh chun breithniú a dhéanamh orthu. Leanamar lenár dtiomantas chun comhoibriú le comhpháirtithe go náisiúnta chun rochtain níos mó a chruthú ar Bhailiúchán ÁNEÉ, Bailiúchán Náisiúnta Ealaín na hÉireann agus Ealaíne Idirnáisiúnta Comhaimseartha, agus trínár rannpháirtíocht agus ár gcomhpháirtíochtaí foghlama chun tacú le samhla nua rannpháirtíochta san ealaín a fhorbairt leis an lucht féachana ar fud na tíre. Tá cláir Rannpháirtíochta agus Foghlama ÁNEÉ ar ceartlár ár ngníomhaíochtaí agus rinneadh forbairt leanúnach in 2015 ar ár dtiomantas chun réimse fairsing de dheiseanna taitneamhacha a chruthú don lucht féachana de gach aois agus cúlra chun dul i ngleic níos doimhne lenár gclár. Idir clár líon lán agus éagsúil de ghnáthchainteanna agus de ghnáthimeachtaí, ceardlanna teaghlaigh agus cláir do dhéagóirí agus cláir spriocdhírthe chun tacú le lucht féachana ar leith, d'éascaigh ár gclár Rannpháirtíochta agus Foghlama go leor daoine éagsúla i gcaitheamh na bliana chun a gcruthaitheacht féin a chur i ngníomh agus chun níos mó eolais a fháil faoin ealaín agus an cultúr.

Tháinig cobhsú ar chistiú poiblí ÁNEÉ i rith 2015, i ndiaidh roinnt blianta ina ndearnadh ciorrú suntasach a rinne ciorrú foriomlán 48% ar chistiú ó 2008 ar aghaidh. Bhí fáilte roimh an gcobhsú ach is rí-dhúshlánach dár gcás airgeadais go fóill. Níor íoc ár gcúnamh deontais in 2015 ach as croíchoistais reatha agus braithimid anois, mar sin, go hiomlán ar ár n-ioncam tuillte chun ár gclár ealaíonta a chistiú. In 2015, thiomsaíomar €939,000 in ioncam tuillte agus tacaíocht contra agus chaitheamar €929,000 ar ár gclár i ndiaidh párolla a bhain leis an gclár. Agus na dúshlán airgeadais seo romhainn, leanann ÁNEÉ le tús áite a thabhairt dár mbuiséid chlár a chosaint a mhéid agus is féidir d'fhonn an tionchar a laghdú a imríonn an ciorrú ar an

bpobal, agus chun deiseanna a aimsiú chun ioncam a thiomsú pé áit ar féidir. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, ní cheadaítear dúinn faoinár tsamhail reatha airgeadais chun aon éadálacha a cheannach lena gcur leis an mBailiúchán Náisiúnta agus níl seo inmharthana agus sinn ag féachaint chun cinn.

Tá páirt lárnach, ar an ábhar sin, ag daonchairdeas agus urraíocht chorparáideach le todhchaí ÁNEÉ agus soláthraíonn siad ioncam ríthábhachtach trínar féidir ár n-uaimhianta clár a fhíorú.

I rith 2015, bhí ar chumas ÁNEÉ Ceann Lucht Féachana agus Forbartha nua. Is ról é seo a chuimsíonn cumarsáid, forbairt an lucht féachana agus tiomsú airgid. Bhí an ról seo i bhfeidhm faoi Mheán Fómhair 2015 agus cuirtear fáilte roimh an méadú atá tagtha ar acmhainní inmheánacha sna limistéir ríthábhachtacha seo.

Tá ÁNEÉ ar an bhfíor-ghannchuid go fóill maidir le hacmhainní sa limistéar seo, áfach, i gcomparáid le hinstiúidí idirnáisiúnta atá ar a chomhionann de scála. In ainneoin na gcúinsí dúshlánacha seo, d'éirigh le ÁNEÉ chun borradh suntasach a chur chun cinn inár n-ioncam forbartha agus tiomsaíodh €288,000 ó bhronntóirí corparáideacha agus príobháideacha, arb ionann seo agus méadú 68% i gcomparáid le 2014. Tugtar suntas ar leith do na Comhpháirtíochtaí Corparáideacha ilbhliana ar éirigh le ÁNEÉ a chruthú le Matheson agus Goodbody. Chomhlíon an tacaíocht thar a bheith luachmhar seo ón dá eagraíocht ról ríthábhachtach chun cabhrú le ÁNEÉ a uaimhianta a bhaint amach in 2015. Táimid thar a bheith buíoch dár líon méadaitheach de chomhaltaí corparáideacha agus aonair a thacaigh le ÁNEÉ i rith 2015; baineann ríthábhacht lena dtiomantas físeach dár bhforbairt agus dár mborradh leanúnach.

Tá cuntas tréan teiste ag ÁNEÉ d'ioncam a thiomsú trí fhiontair thráchtála agus in 2015 thiomsaíomar thart ar €490,000 ónár n-ionad a fhrúiliú, ár gcaifé agus ó mhiondíol. Baineann ríthábhacht anois leis an ioncam is féidir linn a ghairíil ónár ngníomhaíochtaí tráchtála maidir leis an gcroíbhuiséad do ÁNEÉ agus murach é, ní bheimis in ann clár a sholáthar. Sampla tréan agus ceannasach d'eagraíocht chultúrtha a úsáideann an fhiontraíocht chun tacú lena mhisean ealaíonta a sholáthar atá i samhail airgeadais ÁNEÉ anois.

Leanann Bord ÁNEÉ le tús áite a thabhairt do rialachas corparáideach mar chuid lárnach dá oibríochtaí uile agus rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirsiú ar an bpróiseas iniúchóireachta inmheánaí agus chinntigh an Coiste Airgeadais go raibh na rialuithe cuí airgeadais i bhfeidhm. Tá cur amach ag ÁNEÉ ar na Treoirínte maidir le Caiteachas Caipitiúil a Bhreithmheas agus a Bhainistiú ar Dhiúscairt Sócmhainní Stáit agus comhlíonfaidh sé iad sa chás gurb infheidhme. Leanann ÁNEÉ le hidirchaidreamh réamhghníomhach a dhéanamh le Plean Athchóirithe na hEanála Poiblí agus lean sé i rith 2015 ag oibriú go dlúth le Dánlann Náisiúnta na hÉireann agus le Dánlann Ealaíne Crawford chun limistéir chomhoibríthe a aimsiú idir na trí ionad.

Bhain roinnt Comhaltaí Boird ÁNEÉ deireadh a dtéarma amach i rith 2015 agus go luath in 2016; Brian Randalow, Brendan Flynn, Rowan Gillespie, Julie O'Neill agus Eimear O'Connor ina measc, agus cuireadh deireadh le mo théarma féin mar Chathaoirleach i ndiaidh ceithre bliana déag. Cheap an tAire Humphreys Comhaltaí Boird nua i nDeireadh Fómhair 2015 i ndiaidh próiseas earcaíochta a bhainistigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí; Mary Apied, Tim Scanlon, Gerard Byrne, Denis Hickie, Dermot Dwyer, Declan Moylan, Penelope Kenny agus David Harvey mar Chathaoirleach. Thar ceann Bhord agus fhoireann ÁNEÉ, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí Boird go léir a bheidh ag fágáil as ucht a dtiomantais shuntasigh do ÁNEÉ agus as ucht na tacaíochta a thug siad dó.

Braitheann an Músaem ar thacaíocht chineálach go leor daoine aonair agus eagraíochtaí go mbeidh an rath air, go poiblí agus go príobháideach araon. Ba mhian leis an mBord a mbuíochas a chur in iúl don Aire Heather Humphreys agus dá hoifigigh sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta; d'Oifig na nOibreacha Poiblí; do na healaíontóirí, músaeim agus dánlanna agus do go leor comhpháirtithe a d'oibrigh linn i gcaitheamh na bliana chun ár gclár a fhíorú; dár gcaomhnóirí, comhpháirtithe corparáideacha agus comhaltaí tiomanta agus físeacha nach mbeimis in ann clár a sholáthar ina bhfuil an réimse agus an uaimhian céanna murach iad; agus dár lucht féachana dílis agus méadaitheach a gcinntíonn a bhfreagairt

agus a rannpháirtíocht dhíocasach lenár gclár gur cuid lárnach agus ríthábhachtach é ÁNEÉ de shocháí chomhaimseartha na hÉireann.



Eoin McGonagle, Cathaoirleach
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Athbhreithniú an Stiúrthóra

Clár 2015

Ghníomhaigh clár 2015 ÁNEÉ an lucht féachana ba mhó a bhí againn go dtí seo a thug cuairt ar ár dtaispeántais d'ealaín chomhaimseartha Éireannach agus idirnáisiúnta, a d'fhreastail ar ár gclár beoga de chainteanna agus imeachtaí a thit amach inár gclár rannpháirtíochta agus foghlama do scoileanna, mic léinn tríú leibhéal, teaghlaigh, daoine óga agus daoine fásta.

Cruthaítear i gclár ÁNEÉ spás le haghaidh athmhachnaimh, díospóireachta agus inspioráide don lucht féachana, is cuma cén aois iad agus táimid tiomanta do chlár uailmhianach de shármhaitheas a sholáthar a cheanglaíonn an lucht féachana agus ealaíontóirí; a thacaíonn le healaíontóirí chun a n-uailmhian a bhaint amach agus a chruthaíonn deiseanna bríocha dár lucht féachana chun a saothar a bhlaiseadh.

Taispeántais agus Tionscadail 2015

Lean clár 2015 ÁNEÉ le taispeántais den chéad scoth agus coimisiúnú nua a sholáthar don phobal ó ealaíontóirí idirnáisiúnta agus Éireannacha ar a bhfuil meas. In 2015, chuireamar breis forbartha ar chomhpháirtíochtaí le hinstiúidí idirnáisiúnta, ar nós Ionad Pompidou, Páras; Ionad Tate, Londain agus an Van Abbemuseum, Eindhoven. Anuas ar phríomhealaíontóirí idirnáisiúnta, díríodh go tréan ar choimisiúnú Éireannach nua i measc na glúine óige, agus ceiliúradh ar ealaíontóirí nach dtugtar dóthain aitheantais dóibh agus d'ealaíontóirí ceannródaíocha Éireannacha agus atá bunaithe in Éirinn.

Gerda Frömel; A Retrospective / an 10 Aibreán-an 5 Iúil 2015

Rugadh an dealbhóir Gerda Frömel sa tSeicilóvaic i 1931 mar iníon le tuismitheoirí Gearmánacha agus bhog sí go hÉirinn i 1956. B'ealaíontóir í ar a raibh ardmheas i gcaitheamh a saoil ach níl an cur amach céanna ar a saothar a thuilleadh agus níor taispeánadh é riamh i ndiaidh taispeántas iardhearcach i 1976 ag Dánlann Chathrach Nua-Ealaíne Lána Aodha, Baile Átha Cliath an bhliain i ndiaidh go bhfuair sí bás anabáí. Lorg an taispeántas seo chun obair nua a thabhairt chun solais agus chun Frömel a athréimniú mar mháistir nua-aimseartha Éireannach, agus leanúint le fiosrú leanúnach coimeádaíochta ÁNEÉ ar stair ealaíne na hÉireann le déanaí mar scéal athraitheach. Thug **The Irish Times 'sárthaispeántas' air agus thug The Sunday Times 'sárthaispeántas iardhearcach'** air. Rinne ÁNEÉ taighde ar an taispeántas iardhearcach cuimsitheach seo ar feadh breis agus dhá bhliain chun saothair ealaíne ar beag duine a chonaic iad agus chun ábhar a bhaineann le saothar agus cleachtas Frömel a chartlannú. Ghabh foilseachán mór ina raibh téacsanna le Coimeádaí ÁNEÉ Seán Kissane, Riann Coulter (F.E. McWilliam Gallery) agus Sarah Kelleher.

Thaistil an taispeántas seo chuig Dánlann agus Stiúideonna F.E. McWilliam i gContae an Dúin.

Diogo Pimentão: Disequilibrium Displacement. An 10 Aibreán-an 5 Iúil 2015

Rinneadh tionscadal nua leis an ealaíontóir Portaingéalach, Diogo Pimentao, a shuiteáil i gcomhthráth i nDánlanna an Ghairdín go mbeadh an tionscadal ar siúl i gcomhthráth le *Gerda Frömel, A Retrospective*. Bhí

seo ar an gcéad tionscadal aonair Éireannach leis an ealaíontóir Portaingéalach Diogo Pimentão agus b'éard a bhí ann ná saothar a rinneadh i rith chónaitheacht ÁNEÉ. Rinneadh an tionscadal a leagan amach mar fhreagairt ealaíonta chomhaimseartha do shaothar Gerda Frömel agus thug **The Sunday Times** 'síneadh láidir gan choinne le taispeántas iardhearcach Frömel ar na hurláir os a chionn'.

Karla Black. An 1 Bealtaine-an 26 Iúil 2015

Osclaíodh taispeántas mór suíomhshonrach leis an dealbhóir Albanach, Karla Black, a choimisiúnaigh ÁNEÉ, i mBealtaine 2015. Cuireann Black, a bhain meas amach mar dhuine d'ealaíontóirí ceannródaíocha comhaimseartha a linne agus a bhuaigh Duais Turner, dúshlán de shíor roimh choincheap dealbhóireachta na linne. Úsáideann sí ábhair umhla a úsáidtear gach lá, ar nós ceallafáin, deannach cailce, púdair agus scáthú súl chun saothair gearrshaolacha a chruthú a cheanglaíonn eispéireas an ábhair inlámhsithe le dlúithe chuimhne an fho-chomhfheasa. Áiríodh leis an taispeántas in ÁNEÉ coimisiúnú mór nua, anuas ar shraith saothair nua a oiriúnaíodh agus a saincheapadh do dhánlanna ÁNEÉ, anuas ar Eagrán nua Ealaíne ÁNEÉ.

Stan Douglas: *Mise en Scène* An 5 Meitheamh-an 28 Meán Fómhair 2015

Thug an taispeántas substainteach seo, a soláthraíodh i gcomhpháirt le roinnt dánlanna idirnáisiúnta, mórán oibre leis an ngrianghráfadóir agus an déantóir scannán Ceanadach a bhain gradam amach, Stan Douglas, go héirinn den chéad uair. Dhírigh an taispeántas seo ar ghrianghráfadóireacht Douglas le déanaí, an tsraith a bhain moladh amach ó na léirmheastóirí san áireamh, *Malabar People*, *Mid Century Studio* agus *Disco Angola*, agus a mhórshaothar scannáin, *Luanda Kinshasa* (2013). Sna saothair seo, rinne Douglas ceol, scannán, amharclannaíocht, grianghráfadóireacht, agus formáidí digiteacha a fhí go dlúth lena chéile, agus cuireann seo ar ár gcumas ceangal comhuaineach a dhéanamh eatarthu agus le foirmeacha éagsúla de mheáin. I dteannta a chéile, sholáthair siad réamhbhlaiseadh '**atá saibhir i dtaobh cúrsaí amhairc de**' (**The Irish Times**) d'ealaíontóir a dhéanann an fiosrú a dhéanann sé ar fhéiniúlacht mhícheart agus cuimhne éagobhsaí, atógáil, athchruthú agus na scáthanna fada a chaitheann an t-am atá imithe thart, duine de na healaíontóirí is saineúla dár nglúin.

Etel Adnan An 5 Meitheamh-an 13 Meán Fómhair 2015

Bhí seo ar an gcéad taispeántas aonair in Éirinn leis an ealaíontóir Liobánach, a chuir 30 ceann dá saothair i láthair. Tá a nóchaidí bainte amach anois aici agus aistríonn Adnan go héasca idir an scríbhneoireacht agus an ealaín, an fhilíocht agus taipéis, agus léiríodh gach gné dá haschur cruthaitheach sa taispeántas. Bhí sí ar cheann de na glórtha ba mhó sa litríocht chomhaimseartha Arabach Meiriceánach ó na 1960idí ar aghaidh agus bhí sa taispeántas rogha dá foilseacháin; a péintéireacht dhiamhair agus bheag ina léirítear tírdhreacha California agus na Meánmhara anuas ar shraith dá leabhráin leochaileacha atá fillte ar nós cairdín ina leagtar tras-scríbhinní a dánta anuas ar a tírdhreacha uiscédhatha a dhéanann cleachtas comhthreomhar Adnan mar ealaíontóir agus mar scríbhneoir a chomhcheangal. Luadh faoin taispeántas in The Guardian, "Seo saothar spioraid fhlaithiúil, déanann sé caoineadh, tá sé mothúchánach agus spreagúil".

El Lissitzky: *The Artist and the State; El Lizzitky, Rosella Biscotti, Maud Gonne, Nuria*

Guell, Sarah Milligan, Sarah Pierce, Hito Steryerl An 30 Iúil-an 18 Deireadh Fómhair 2015
Rinne an taispeántas seo suntas a thabhairt do chlár ÁNEÉ a rinne athmhachnamh ar 1916 agus ar an bpobal ealaíonta agus cultúrtha a thug glór d'fhís nua don stát a bhí ag teacht chun cinn agus a thug teanga amhairc dá chuid polaitíochta. Leag sé an t-athmhachnamh áitiúil seo laistigh de bhreithniúchán domhanda ní b'fhairsinge ar ról ealaíontóirí i samhlaíocht stát a bhí ag teacht chun cinn go luath san 20ú haois, agus trí shaothar roinnt ealaíontóirí comhaimseartha a chuimsiú, d'fhiosraigh sé tasc ealaíontóir na linne seo maidir leis an tsochaí shibhialta.

Thug an taispeántas, ar bhronn The Irish Times cúig réalta air, roinnt mhaith saothar go hÉirinn le El Lizzitsky (1890-1941), duine de na healaíontóirí ba mhó tionchar san 20ú haois, ón Van Abbemuseum, Eindhoven. Taispeánadh na saothair seo ansin i gcomhthéacs ábhar cartlainne a rinne tagairt do shaothar an fhile agus an scríbhneora náisiúnaigh Éireannaigh, Alice Milligan (1865-1953), agus a comhoibrí, Maud Gonne (1866-1953). D'fhiosraigh an taispeántas a bhfiseanna comhthreomhara den ealaíontóir gníomhachtaithe, a bhí lánach maidir le stát nua Éireannach a shamhlú. Sholáthair saothair a rinneadh agus a coimisiúnaíodh le déanaí le ceathrar ealaíontóirí – Rossella Biscotti, Núria Güell, Sarah Pierce agus Hito Steyerl – frithargóint chomhaimseartha don scéal stairiúil agus déanann a saothar, ar bhealaí éagsúla, machnamh ar shuíomh an ealaíontóra inár sochaí inniu.

***What We Call Love: From Surrealism to Now*, An 12 Meán Fómhair 2015-an 7 Feabhra 2016**

Bhí breis agus 200 saothar sa ghrúpthaispeántas mór idirnáisiúnta agus Éireannach seo a bhí faoi choimeád ag Christine Macel, Ionad Pompidou, (agus Stiúrthóir an 57ú Taispeántas Ealaíne Idirnáisiúnta, Venice Biennale, 2017) agus Rachael Thomas, Ceann Taispeántas ag ÁNEÉ. Fiosraíodh sa taispeántas léiriú an ghrá i measc ealaíontóirí i gcaitheamh an 20ú agus an 21ú haois, arb ábhar é seo a bhaineann go mór linn go léir inniu de réir mar thagann fairsingiú ar ár dtuiscint agus ar ár sainmhíniú ar an ngrá ar aon dul le dreach athraitheach na sochaí comhaimseartha.

Bhí sa taispeántas bailiúchán fairsing de mhórshaothair le cuid de na daoine is tábhachtaí sa nua-ealaín, ar nós Constantin Brancusi, Salvador Dalí, Marcel Duchamp, Max Ernst, Alberto Giacometti, Meret Oppenheim agus Pablo Picasso; saothair íocónacha de na healaíontóirí ba thábhachtaí le déanaí: Andy Warhol, Yoko Ono, Marina Abramović, Louise Bourgeois, Nan Goldin, Damien Hirst, Rebecca Horn, Carolee Schneemann, Wolfgang Tillmans; agus coimisiúnú nua le healaíontóirí den ghlúin óg – Lucy Andrews, Séamus Nolan, Garrett Phelan agus Jeremy Shaw. San athbhreithniú a rinneadh, luadh in The Sunday Times an tslí 'gurb annamh go mbíonn an deis ag lucht féachana Éireannach lán na súl a bhaint de Picasso, chun seasamh os comhair saothar le Brancusi nó chun saothar le Dalí a fhiosrú gan na farraigí a thrasnú a dhéanann sinn a dheighilt ón gcuid eile den domhan, ach tá fuílleach i gceist le taispeántas mór ÁNEÉ ná ainmneacha daoine móra le rá'.

Thug *What We Call Love* cuireadh don lucht féachana chun machnamh a dhéanamh ar an méid atá i gceist leis an ngrá dóibh i ndiaidh gur chuir sé sraith cainteanna, imeachtaí, scannán a chur ar scáileán agus díospóireachtaí ar siúl i gcomhthráth leis an taispeántas. Ghabh foilseachán leis an taispeántas ina raibh aistí le Christine Macel, Georges Sebbag, Eva Illouz, Semir Zeki agus Rachael Thomas.

***Chloe Dewe Mathews: Shot at Dawn* An 9 Deireadh Fómhair-an 28 Márta 2016**

Rinne an taispeántas corraitheach agus tionchair mhóir seo leis an ngrianghrafadóir Briotanach, Chloe Dewe, cnuasach nua saothar a dhírigh ar na suíomhanna inar cuireadh saighdiúirí ó airm na Breataine, na Fraince agus na Beilge chun báis mar gheall ar easpa misnigh agus ar thréigean i rith an Chéad Chogadh Domhanda. B'éard a bhí sa tionscadal ná íomhánna d'fhiche a trí suíomh ina ndearnadh na saighdiúirí a lámhach nó inar coimeádadh iad a fhad lena gcur chun báis. Taispeánadh rogha de na híomhánna a cuireadh in eagar ag ÁNEÉ. Bhí gach íomhá cruinn i dtaobh an tséasúir de agus glacadh iad a ghaire leis an am gonta sa lá a thit an cur chun báis amach. Bhronn The Irish Times cúig réalta ar an taispeántas agus cuireadh síneadh leis mar gheall gur léirigh an pobal an oiread sin spéise ann.

***Grace Weir: 3 different nights, recurring* An 7 Samhain 2015-an 28 Márta 2016**

Bhí 30 saothar sa taispeántas is mó go dtí seo a rinneadh de shaothar ***3 different nights, recurring*** an ealaíontóra Éireannaigh, Grace Weir, trí choimisiúnú mhóra nua scannán ina measc; *A Reflection on Light* (2015), *Black Square* (2015) agus *Darkroom* (2015); agus dhá shraith nua de shaothair ar pháipéar dar teideal *The history of light (Betelgeuse)* (2015) agus *Future Perfect* (2015). Cuireadh na píosaí nua seo i láthair i dteannta saothar a chuimsigh breis agus 20 bliain d'aschur cruthaitheach Weir.

Is mó a oibríonn sí le híomhánna gluaiasteacha agus le suiteáil agus déanann Weir dícheall chun eolas coincheapúil agus teoiric a ailíniú lena heispéireas féin den domhan. Fiosraíonn sí coincheap féin na féiniúlachta socraithe agus tá a cur chuige uathúil i leith taighde bunaithe ar shraith de chomhráite oscailte agus de thurgnaimh le heolaithe, fealsúna agus le cleachtóirí ó dhisciplíní eile. Ghabh foilsíú agus léacht thaibhitheach bheo a cuireadh i láthair i gcomhar le Roinn Fisice Choláiste na Tríonóide leis an taispeántas.

Rinneadh athbhreithniú fairsing ar an taispeántas seo agus bhain tábhacht leis don ealaíontóir agus comhlíonann sé cuspoirí ÁNEÉ chun ealaíontóirí Éireannacha lasmuigh d'Éirinn a thabhairt i láthair. I measc na n-athbhreithnithe samplacha, tá iad siúd ó artforum (príomhfhoilseachán ealaíne idirnáisiúnta) a luaigh gurbh éard a bhí ann ná "... seó a spreag machnamh a dhéanann sárfhreastal ar dhéine eolaíochta agus fealsúnachta le maorgacht aestéitiúil.", agus luadh san foilseachán idirnáisiúnta Frieze "Tá an t-aschur a bhí ag Weir le déanaí thar barr agus aithnítear an méid seo sa taispeántas, chun a cheart a thabhairt dó. Seachnaíonn sé an taispeántas iardhearcach ar luas cothrom mar fhoirm choimeádaíochta agus, ina ionad sin, leagtar béim ar roinnt saothar atá beo san am i láthair. Is é an t-am i láthair aimsir Weir."

Spásanna Tionscadail

Tá sraith spásanna ag ANEÉ ar urlár na talún a osclaíodh in 2013 mar Na Spásanna Tionscadail; tionscnamh nua chun spás a chruthú sa chlár chun taispeántas a dhéanamh de chomhoibriú nua agus de chur chuige nua i leith taispeántas a dhéanamh. Rinne foireann Choimeádaithe Cúnta Spásanna Tionscadail a leagan amach agus thug sé cuireadh don lucht féachana chun breithniú a dhéanamh ar réimse smaointe trí chartlanna, imeachtaí beo, saothair nuachoisíúnaíthe agus saothair ón mBailiúchán.

I measc na dtionscadal a bhí ar bun in 2015, bhí *The Beholder's Share*, comhoibriú le Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (an IADT) a d'fhiosraigh tionscadail ealaíontóirí nár cuireadh ar shúile daoine mar acmhainn ealaíonta; *More than one Maker*, a leag béim ar an tábhacht a bhaineann le ealaín a dhéanamh ar bhonn comhoibriú agus roinnte i gcleachtas comhaimseartha agus *Egress*, scannán le Marie Brett agus Kevin O'Shanahan, a dhéanann léarscáiliú ar dhomhan caillteanais agus athraithe, a fhiosraíonn conas a aimsíonn daoine aonair a dhéantar a dhiagnóisiú le néaltrú bealaí nua chun dul in oiriúint do dhomhan athraitheach. Tugann an scannán ilsrathach, atá ina phortráid de thráthanna beo ar imeall an tsaoil, cuireadh dúinn chun machnamh a dhéanamh ar chailleadh, an grá agus an saol féin.

Cláir a reáchtáil a sháraíonn spás na dánlainne

Leanadh in 2015 le straitéis nua ÁNEÉ ina ndearnadh a chlár a shíneadh thar spás na dánlainne, agus leas a bhaint as acmhainní cruthaitheacha ár bhfoirgnimh agus thailte Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann mar fhoinsé de chomhoibriú nua tras-disciplíneach agus d'eispéiris nua agus gan choinne dár lucht féachana. Cuireadh tús leis an straitéis in 2014 agus chabhraigh an cur chuige níos fairsinge seo le ÁNEÉ chun lucht féachana nua a mhealladh chuig a chlár agus chun taitneamh agus tuiscint a bhaint as ár suíomh stairiúil. In 2015, áiríodh leis an gclár seo:

Summer Rising, An 4-14 Meitheamh 2015

Ba é seo an dara bliain inar reáchtáladh féile ÁNEÉ. Chuimsigh sé tréimhse deich lá agus áiríodh leis dhá lá 'Éirí Amach sa Ghairdín' a thug cuireadh don lucht féachana teacht chuig gairdíní foirmiúla ÁNEÉ chun freastal ar chlár faoi stiúir ealaíontóra a bhí dírithe ar an teaghlach. Sholáthair The Contiki Café bia, thug ealaíontóirí cainteanna, Gavin Bryers agus Stan Douglas ina measc agus cuireadh clár de cheol beo ar siúl. Cuireadh *Cóisir Shamhraidh ÁNEÉ*, ar a raibh an gealrath, ar bun arís i mbliana agus cuireadh clár thaibhithe agus cheoil thurgnamhaigh ar bun a bhí á gcoimeád ag Mary Cremin, Peter Maybury agus Dennis McNulty.

Lean an straitéis seo ar siúl i gcaitheamh na bliana le deireadh seachtaine oscailte de chainteanna agus d'imeachtaí don teaghlach chun suntas a thabhairt do *What we call Love* a oscailt, léacht ina measc leis an tsíceolaí cáiliúil, Semir Zeki agus damhsa tae don teaghlach sa Halla Mór. I Nollaig, chuir ÁNEÉ taispeántas

spreagúil ar siúl d’oíche amháin ar ar tugadh *Hot on the Heels of Love* a bhí á choimeád ag Pádraic E. Moore. Ceapadh é mar thaispeántas macasamhla de *What We Call Love*, agus bhí ann glúin ní b’óige d’ealaíontóirí – idir ealaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Meascán de thaibhiú, focal labhartha, cur ar scáileán, agus ceol beo a bhí san imeacht seo ar díoladh gach ticéad dó.

Mheall na himeachtaí agus na cláir go léir seo lucht féachana mór, agus bhí cuairt á tabhairt ag go leor díobh ar ÁNEÉ den chéad uair agus d’fhreagair go leor díobh go díocasach ar an eispéireas fairsing, taitneamhach agus rannpháirteach a chuir ÁNEÉ i láthair, a rinne na gnáthrudáí a mbítear ag súil leo i músaem a chur as riocht. Thug siad deis dúinn, chomh maith leis sin, chun oibriú le roinnt ealaíontóirí a sáraíonn a saothar spás na dánlainne, chun tacú lena saothar agus turgnamhaíocht a spreagadh.

Ardáin Dhigiteacha

Bealach tábhachtach eile ina soláthróidh ÁNEÉ rochtain ar a shaothar ná trí ardáin dhigiteacha agus ar líne agus úsáidimid straitéisí digiteacha agus margaiócht ar líne chun an lucht féachana is leithne agus is féidir a aimsiú dár gcláir. Ag gach tráth, táimid ag lorg chun bealaí oiriúnacha digiteacha a aimsiú chun ár saothar a scaipeadh, agus bealaí a aimsiú chun meáin dhigiteacha a úsáid chun barr feabhais breise a chur ar rannpháirtíocht an chuariteora.

Tugadh faoi phróiseas domhain taighde in 2014 ar athfhorbairt ár láithreáin ghréasáin, lena n-áirítear moltaí do straitéis nuálach dhigiteach le haghaidh ÁNEÉ ar líne. Cuirfidh ról nua Ceann Lucht Féachana agus Forbartha, ar cuireadh tús leis i Meán Fómhair 2015, leis seo a chur i bhfeidhm.

I ndiaidh gur díriodh ar fud na heagraíochta ar athstruchtúró in 2015, rinneadh an cinneadh chun athfhorbairt an láithreáin ghréasáin a chur siar go dtí go raibh na meicníochtaí cearta soláthair foirne agus cistithe i bhfeidhm chun amhlaidh a dhéanamh. Beartaímid chun tairiscint a chur amach don ardán nua gréasáin in 2016; má bhíonn an cistiú ar fáil.

In 2015, mar ullmhúchán d’athfhorbairt bheartaithe 2016, dhíriomar ar chórais nua a chur i bhfeidhm laistigh den mhúsaem a chuirfidh ar chumas againn ábhar nua digiteach a chruthú don todhchaí. Leanamar le rochtain a sholáthar ar Bhailiúchán digiteach ÁNEÉ ar líne agus chun acmhainní fairsinge a sholáthar do scoileanna ar fud na hÉireann, ar féidir leo clár ÁNEÉ a úsáid mar acmhainn chun múinteoireacht a dhéanamh sa seomra ranga. In 2015, chruthaíomar agus scaipeamar bileoga oibre iníoslódáilte do Mheánscoileanna le haghaidh *Trove; Dorothy Cross selects from the National Collections*, agus *Shot at Dawn* le Chloe Dewe Matthews agus d’fhoilsíomar mír nua sa tsraith ‘**What is...**’ de chuid ÁNEÉ agus an leabhrán nua saor in aisce; *What is Sculpture?*

Le bheith ullamh dár láithreán gréasáin nua agus dár straitéis dhigiteach nua, chuireamar tús le hobair ar shraith nua ar líne ar ar tugadh ‘About an exhibition’ atá in ainm is na meicníochtaí a chur ar shúile an phobail trína gcuirtear taispeántas le chéile. Is éard atá sa tsraith ná cúig fhíseán ghearra a théann i ngleic leis an ábhar seo trí agallamh fada le Coiméadaithe ÁNEÉ. I measc theidil na gcúig fhíseán, tá; 1) Cad is coimeádaí ann?, 2) An smaoineamh le haghaidh taispeántais a fhorbairt, 3) Ullmhú do thaispeántas, 4) Taispeántas a shuiteáil agus a chothabháil, agus 5) Rannpháirtíocht an lucht féachana le taispeántas. Uaslódáil agus scaipfear na físeáin seo in 2016.

Leanamar lenár n-acmhainn fuaimne saor in aisce ‘Cainteanna ÁNEÉ’ (IMMA Talks) a fhorbairt ar soundcloud, arb ardán saor in aisce roinnte fuaimne é. In 2015, d’uaslódáilomar de bhreis ar 30 caint reatha agus chartlainne a chuir iad seo ar fáil don phobal mór chun léargas ginearálta a fháil ar chleachtas agus próiseas ealaíne. Cruthaíodh nach mór 3,500 éisteacht ar soundcloud i mbliana. Chuireamar leis an gcartlann fuaimne seo le réamhráite físeáin le haghaidh gach taispeántais shealadaigh ag ÁNEÉ agus déantar iad a uaslódáil saor in aisce ar ár gcainéal YouTube.

Chomh maith leis sin, thástálar modhanna nua chun scríbhneoireacht ar líne a choimisiúnú in 2015 i ndiaidh dúinn tús a chur le sraith alt ón bhFoireann Rannpháirtíochta Cúairteoirí (tugadh Idirghabhálaithe orthu roimhe seo) chun tuairim na ndaoine ar urlár na dánlainne a fháil, agus choimisiúnaíomar ailt sheachtracha faoin nGrá, a bhí bainteach leis an taispeántas *What We Call Love*, ó smaointeoirí agus ó cheannasaithe smaointeoireachta, an Dr Noel Kavanagh, Andrew Hyland (Comhstiúrthóir Marriage Equality), an Dr Rebecca King Ó Riain agus Danielle Vierling ina measc.

In 2015, sheolamar acmhainn chuimsitheach nua ar líne do gach aois chun cur lenár sraith ‘Máistrí Nua-Aimseartha Éireannacha’. Lorgaíonn an tsraith seo chun athchuart a thabhairt ar stair na hÉireann le déanaí chun ealaíontóirí a shainaithint a ndearnadh faillí chriticiúil orthu, ach a bhfuil áit tuillte ag a saothar i limistéar Nua-Aoiseachas na hÉireann. Leagtar béim úrnua sa tsraith ar dhaoine móra le rá trí thaispeántais mhóra bhliantúla lena ngabhann cláir fhairsinge chainteanna agus léachtaí do scoileanna. In 2015, ba í Gerda Frömel ábhar na sraithe. I gcomhpháirtíocht le Daonnachtaí Digiteacha Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, d’fhorbraíomar láithreán gréasáin beag, www.modernirishmasters.com, a chruthaíonn acmhainn dhigiteach do shaothar Frömel, a sholáthraíonn rochtain ar an íomháineachas agus an fhaisnéis shaibhir ar tháinig coimeádaithe ÁNEÉ orthu. Tá ar an láithreán gréasáin seo saothar ealaíontóirí, cáipéisíocht thaispeántas ÁNEÉ agus rochtain ar aistí agus ar cháipéisíocht bhreise faoin ealaíontóir. Acmhainn bheo í seo agus tá pleananna ann chun an fhréamhshamhail seo a fhairsingiú le faisnéis faoi ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn sa tsraith, Patrick Hennessy ina measc in 2016.

Le blianta beaga anuas, chuir ÁNEÉ straitéis meán digiteach i bhfeidhm a dhéanann caipitliú ar na meáin shóisialta chun caidreamh a fhorbairt lenár lucht féachana agus chun líonta na gcúairteoirí chuig an músaem a mhéadú. Lean an borradh seo in 2015, faoi mar a shonraítear anseo thíos:

- Táimid an-ghníomhach ar Facebook agus bhaineamar breis agus **21,000 is maith liom** amach, ar méadú 27% é seo ó 2014 ar aghaidh. Is minic a chuirimid ábhar in airde faoinár gcláir agus ár n-imeachtaí féin agus faoi ailt agus faisnéis ghaolmhar a bhaineann le hEalaín na hÉireann agus faoi Ealaíontóirí Éireannacha.
- Tá os cionn **18,400 duine de lucht leanúna ar Twitter** ag ÁNEÉ, ar méadú 28% é seo ó 2014 ar aghaidh. Arís eile, cuirimid ábhair in airde gach lá, nó níos minice fiú; déanaimid idirghníomhú le cúairteoirí agus le hinstiúidí comhpháirtíochta, agus freagraímid go pras do cheisteanna agus freagraímid d’aiseolas ón bpobal mór. Tá lucht féachana an-ghníomhach againn ar Twitter a chuireann tráchtanna agus grianghraif dá n-eispéiris ag ÁNEÉ in airde go rialta.
- Is é Instagram ár n-ardán is nua (ó 2014 ar aghaidh) agus tá pobal os cionn **1,770 duine de lucht leanúna** cruthaithe againn ar an ardán tábhachtach amhairc seo, ar méadú é seo aníos ó 250 duine de lucht leanúna ag tús 2015. Úsáidimid Instagram chun íomhánna a chur in airde de na taispeántais féin, de na tailte agus den fhoirgneamh agus d’íomhánna cúlra na dtaispeántas de réir mar a dhéantar iad a shuiteáil, a thugann rochtain dár lucht féachana ar an bpróiseas déanaimh taispeántais. Chuireamar tús le hidirchaidreamh a dhéanamh le cúairteoirí trína n-íomhánna den eispéireas a bhí acu in ÁNEÉ a chur in airde athuair mar bhealach chun a rannpháirtíocht fhíorga le ÁNEÉ a ghníomhachtú.
- Tá blag gníomhach againn ar ardán WordPress agus cuirimid ábhar in airde, chomh maith ar Tumblr, agus féadfaidh iad siúd, i dteannta a chéile, breis agus 35,000 úsáideoir a aimsiú i measc na n-ardán uile seo.

Rannpháirtíocht agus Foghlaim 2015

I measc réimse chlár Rannpháirtíochta agus Foghlama ÁNEÉ, tá cainteanna atá oscailte do gach duine ar spéis leo teacht ar bhreis faisnéise faoin ealaín, agus clár speisialta a ceapadh chun freastal ar riachtanais ghrúpaí ar leith de lucht féachana. Cruthaíonn ár gclár réimse leathan de dheiseanna éagsúla don lucht féachana i measc scoileanna agus coláistí, teaghlach, daoine fásta agus daoine óga chun idirchaidreamh níos doimhne a dhéanamh lenár gclár, chun teacht ar bhreis faisnéise agus chun a gcruthaitheacht féin a mhúscailt.

Scoileanna agus Coláistí

Oibríonn Rannóg Rannpháirtíochta agus Foghlama ÁNEÉ (ar tugadh an Rannóg Oideachais agus Pobail uirthi roimhe seo) go dlúth le gach taispeántas chun acmhainn chuimsitheach d'ábhair a fhorbairt do scoileanna agus do mhúinteoirí. Cuireadh go leor spásanna in áirithe ar thurais threoraithe do ghrúpaí dara agus tríú leibhéal agus mheall *What We Call Love* ardlíon de na turais seo.

Rinneadh clár le haghaidh **Bunscoileanna** a dhearadh bunaithe ar dhá thaispeántas; *Trove, Dorothy Cross selects from the National Collections* agus *Nick Miller and the Studio of Edward McGuire*. San áireamh sna clár seo, bhí cuairt ar an músaem/ceardlann agus bhí na hacmhainní gaolmhara múinteoireachta ar fáil ar líne. Soláthraítear forbairt ghairmiúil leanúnach do Mhúinteoirí Bunscoile i gcaitheamh na bliana, a sholáthraíonn deis do mhúinteoirí chun cleachtas comhaimseartha ealaíne a fhiosrú trí phlé agus próisis chruthaitheacha.

Ina theannta sin, soláthraíonn ÁNEÉ tacaíocht agus rochtain do **mheánscoileanna** ar na hamharc-ealaíona trí acmhainní gréasánbhunaithe agus turais threoraithe a sholáthar ar Bhailiúchán agus taispeántais shealadacha ÁNEÉ. Táimid ag leanúint le cur lenár n-acmhainní ar líne do mhúinteoirí agus scoláirí dara bliana, agus táimid ag cur leis na cainteanna Coimeádaí atá ar líne cheana. Nuashonruithe ar **What is_? ...** ar **Drawing, Sculpture and Surrealism** anuas ar fhíseán nua maidir le coimeádaíocht.

Reáchtáladh **clár socrúchán oibre** a mhair seachtain agus a bhí i bhformáid nua do scoláirí **na hIdirbhliana** agus thug sé 20 duine óg ó 12 scoil chuig ÁNEÉ chun eispéireas iltaobhach a bheith acu ar fud na heagraíochta iomláine.

Leanann ÁNEÉ ag oibriú i gcomhpháirt le **hinstiúidí tríú leibhéal, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**. Áirítear leis an gcomhoibriú seo clár do mhic léinn le haghaidh grúpaí ag ÁNEÉ agus intéirneachtaí aonair do mhic léinn agus tionscadail taighde a oibríonn i measc na dtrí rannóg clár.

Teaghlaigh

Áirítear le clár do theaghlaigh clár saor in aisce agus rialta a bhunaítear i ndánlanna tráthnóna Domhnaigh, ceardlanna go luath ar maidin i rith tréimhsí saoire agus lár téarma agus ceardlanna speisialta le haghaidh Sheachtain na hOidhreacht a dhíríonn ar stair Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann.

Daoine Óga

Bhí an dealramh air go raibh clár nua do dhéagóirí, a bhí dírithe ar thréimhsí saoire, an-rathúil ó tugadh isteach iad i Lúnasa na bliana seo caite, agus cuireadh clár ar fáil do dhaoine óga 12-15 bliana d'aois agus do dhaoine 15-18 mbliana d'aois.

Reáchtálann coiste beag eagraithe ÁNEÉ 25 (IMMA 25) do dhaoine 18-25 bliain d'aois ó laistigh den ghrúpa agus is éard a bhíonn i gceist leis ná imeacht míosúil a dhíríonn ar ghné de chlár an Mhúsaeim. Cuireann ÁNEÉ rochtain ar fáil don ghrúpa ar a gclár agus a saoráidí chun tacú leis an bhfiosrú a dhéanann siad ar

ealaín chomhaimseartha. Úsáideann an grúpa na meáin shóisialta chun a n-imeachtaí a fhógairt agus meallann sé de bhreis ar 50 duine chuig gach imeacht. I measc na n-imeachtaí a bhí ar siúl in 2015, bhí ceardlanna praiticiúla ealaíne a chuir ealaíontóirí agus dearthóirí ar siúl, anuas ar phlé ‘cas leis an ealaíontóir’ leis na healaíontóirí Dorothy Cross, Duncan Campbell, Jesse Jones agus Kevin Atherton; anuas ar cheardlanna scileannabhunaithe, dearadh grafach ina measc le Fushia McAcree agus maisiú eagarthóireachta le Steve Simpson. Chomh maith leis sin, chuir siad timthriall Cultúir ÁNEÉ 25 ar siúl le haghaidh Oíche an Chultúir.

Daoine Fásta

Leanadh ar aghaidh le clár stiúideobhunaithe seachtainiúil ÁNEÉ do dhaoine fásta, Stiúideo 10 (Studio 10), i rith 2015. Rinneadh seo a fhairsingiú i rith an tsamhraidh chun clár faoin spéir a chuimsiú, An Ealaín Al Fresco (Art Al Fresco), a thit amach i ngairdíní ÁNEÉ.

Leanann ÁNEÉ ar aghaidh le ról ceannais a chomhlíonadh in **Azure** (tionscadal a bhaineann le cláir rochtana a chruthú do dhaoine a mhaireann le galar Alzheimer agus dá ngairmeacha) ag oibriú le hAostacht agus Deiseanna, Cumann Alzheimer na hÉireann agus Dánlann de Buitléir, Cill Chainnigh. Lean clár Azure lena thaighde a dhéanamh ar chláir oiliúna agus le hiad a chur i bhfeidhm d’oideachasóirí dánlainne agus d’eagraigh sé roinnt laethanta oiliúna i rith 2015 faoi stiúir éascaitheora ó **MoMA, Nua-Eabhrac** agus d’fhreastail 18 rannpháirtí ó 8 n-eagraíocht ar fud na hÉireann air. Lean **Creative Exchanges**, clár oiliúna a reáchtálann ÁNEÉ i gcomhar le hAostacht agus Deiseanna chun oiliúint a sholáthar in éascaíocht ealaíon do dhaoine a oibríonn i suíomhanna cúraim.

Mar chuid dár dtaighde **An Ealaín agus Aosú (Art and Ageing)**, chuireamar taispeántas ar bun i Spásanna Tionscadail ÁNEÉ ar

E.gress (Marie Brett agus Kevin O’Shanahan) agus **Plura** (Daphne Wright) i Samhain. Baineann an dá shaothar le cuimhne a chailleadh agus cuireadh iad i láthair i gcomhthéacs ghealltanais leanúnach ÁNEÉ do chláir a fhorbairt chun an ealaín agus aosú a fhiosrú. Cuireadh clár de chainteanna agus de cheardlanna a bhain leis an taispeántas ar bun a mhair sé seachtaine.

Tá ÁNEÉ ag comhoibriú, chomh maith le Coláiste na Tríonóide maidir le roinnt straitéisí náisiúnta aosaithe, TILDA ina measc agus leis an tsaoráid nua agus an t-ionad taighde nua in Ospidéal Naomh Séamas – MISA (Institiúid Mercer um Aosú Bisiúil).

Cainteanna agus Imeachtaí

Leanadh ar aghaidh leis an gclár cainteanna agus imeachtaí in 2015 agus sceidealaíodh réimse fairsing de chainteanna le healaíontóirí agus coimeádaithe, scannán a chur ar scáileán, léachtaí agus seimineár i gcomhar leis na taispeántais shealadacha, an Bailiúchán agus chun téamaí níos ginearálta a mhíniú maidir le nua-ealaín agus ealaín chomhaimseartha. Cuireadh 61 imeacht, ar an iomlán, ar siúl idir cainteanna le healaíontóirí agus siompóisiamáí nó taibhithe a fhreagraíonn don chlár.

I measc bhuaicphointí an chláir, bhí an méid a leanas:

- Thug Frances Morris, an Stiúrthóir i láthair na huaire ag Ionad Tate Modern léacht ag deireadh an taispeántais in Iúil, a chur saothar Frömel i gcomhthéacs stairiúil na dealbhóireachta iarchogaidh.
- Léacht leis an Dr Catherine Morris a chuir a taighde i láthair ar shaothar agus smaointe an phríomhréabhlóidí Alice Milligan. Lean plé é seo a chuaigh i ngleic le díocas Lissitzky i dtaobh an éirí amach agus ábharthacht a smaointe le haghaidh ealaíontóirí agus na sochaí comhaimseartha, de réir mar a dhruid comóradh céad bliain ar 1916 le hÉireann. I measc na rannpháirtithe, bhí iad seo a leanas: Rossella Biscotti, Núria Güell, Sarah Pierce, Annie Fletcher, Sarah Glennie agus an modhnóir plé, Mick Wilson (Taighdeoir, Acadamh Valand, Ollscoil Gothenburg).

- Thug Christine Macel agus Rachael Thomas léacht i rith ócáid oscailte **What We Call Love** agus thug an síceolaí cáiliúil Semir Zeki léacht, ina dhiaidh sin, a d'fhiosraigh patrúin néareolaíocha an ghrá i rith an deireadh seachtaine tosaigh. Ní ba dhéanaí i rith an taispeántais, thug Maureen Gaffney eochairléacht maidir leis an gceangal idir an grá agus sonas agus d'fhiosraigh sraith scannán a cuireadh ar bun i gcomhar le hInstitiúid Scannán na hÉireann léiriú an ghrá i gcineama an 20ú haois.
- Tháinig forbairt ar an tionscadal taighde **Art | Memory | Place**, ar cuireadh tús leis in 2014, agus rinneadh sraith cainteanna de in 2015 agus d'éascair seimineár i Samhain as gairm oscailte ar pháipéir taighde iarchéime inar roghnaíodh 18 bpáipéar. Tháinig forbairt ar an tionscadal taighde agus rinneadh **Sraith cainteanna 2014-2016** de chun comóradh a dhéanamh ar *Dheich mBliana an Chomórtha* agus áiríodh leis Gairm Oscailte ar sheimineár taighde iarchéime ónar eascair gur roghnaíodh 73 aighneacht agus 18 gcur i láthair don seimineár a cuireadh ar bun i Samhain.
- Cuireadh deireadh le clár na bliana le Léacht an Gheimhridh a chuir Anthony Gormley i láthair i gcomhthéacs athshuiteáil a shaothair íocónaigh i mBailiúchán ÁNEÉ, **Still Falling**.

Freastal Rannpháirtíochta agus Foghlama

Cuireadh an chuid ba mhó de na spásanna ar na turais threoraithe agus na cláir Rannpháirtíochta agus Foghlama go léir in áirithe i gcaitheamh na bliana. D'éascaíomar cuairteanna ag leanáí agus daoine óga ar thuras threoraithe ar gach leibhéal agus i gcláir shaindeartha bhunscoile do leanáí níos óige i measc roinnt taispeántas i mbliana. B'ann do 20 Clár Bunscoile, ina raibh baint ag 600 leanbh; b'ann do 23 turas treoraithe Bunscoile, inar ghlac 450 leanbh páirt agus b'ann do 99 turas treoraithe Meánscoile, inar ghlac 2,500 leanbh. Anuas air sin, cuireamar 35 turas treoraithe Tríú Leibhéal/do Dhaoine Fásta ar súl agus d'fhreastail 700 duine orthu; 11 scoil teanga agus d'fhreastail 484 duine; 4 ghrúpa óige agus d'fhreastail 40 leanbh; 4 ghrúpa pobail/riachtanas speisialta agus d'fhreastail 40 duine fásta; tugadh os cionn 20 cuairt ar ealaíontóirí i gclár stiúideo ÁNEÉ agus cuireadh 26 turas poiblí ar bun inar ghlac 560 duine aonair páirt.

Áiríodh lenár gcláir leanúnacha, chomh maith, ár gclár seachtainiúil Domhnaigh don teaghlach, **Explorer**, a bhí ar siúl i gcaitheamh 32 seachtain agus ar ar fhreastail 1,150 duine ar an iomlán. Cuireadh ár gcláir **Teen Create** agus **Scoileanna Samhraidh (Summer Schools)** ar bun le haghaidh daoine 12-15 bliana d'aois agus d'fhreastail 180 duine orthu; freastalaíonn **Studio 8** do dhaoine 15-18 mbliana d'aois do dhaoine aonair 10-15 bliana d'aois agus bíonn 15 dhuine i ngach seisiún. Lean na cláir do dhaoine fásta ar siúl leis an gclár **Stiúideo 10 (Studio 10)** a bhíonn ar siúl maidin Aoine agus d'fhreastail 25 duine, ar an meán, ar bhreis agus 30 seisiún agus lean ár sraith **Cainteanna agus Léachtaí** le hardlíonta daoine a mhealladh agus cuireadh na háiteanna go léir in áirithe in go leor imeachtaí. Tá cláir Rannpháirtíochta agus Foghlama ÁNEÉ saor in aisce, seachas táillí ticéid le haghaidh léachtaí mórscála agus siompóisiaimáí.

Taighde agus Comhpháirtíochtaí

Tá grúpa oibre nua ann i measc na dtrí rannóg clár a bhfuil súil á caitheamh aige ar straitéis fhairsing maidir le riachtanais **Taighde** ar fud na heagraíochta, shainiúim ar tosaíochtaí d'intérneachtaí agus thug beirt mhac léinn ón gcúrsa MA i gColáiste na Tríonóide agus i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath cabhair ar an gClár um Chaighdeán Músaem in Éirinn (MSPI). Tá plé á dhéanamh againn, chomh maith, le hinstiúidí éagsúla tríú leibhéal chun comhriachtanais taighde a shainiúint agus chun comhpháirtíochtaí fadtéarmacha taighde a chruthú.

Tionscnaimh na nEalaíon Náisiúnta san Oideachas

Tá baint ag ÁNEÉ le dhá ghné de thabhairt isteach **An Chairt um na hEalaíona san Oideachas**; an Tairseach um na hEalaíona san Oideachas a seoladh go hoifigiúil an 19 Bealtaine agus trí ionadaíocht ar an gcoiste stiúrtha.

Clár Cónaitheacht Ealaíontóra 2015

Thacaigh **Clár Cónaitheachta** ÁNEÉ le líon **ealaíontóirí agus coimeádaithe** maidir le cóiríocht chónaithe agus stiúideo agus leanamar ár sraith de **Chónaitheacht Táirgthe** a sholáthraíonn rochtain ar ár gcónaitheacht d'eagraíocht ealaíon ar fud na hÉireann mar bhealach don ÁNEÉ chun tacaíocht phraiticiúil chomhchineáil a sholáthar dá gcláir. Leanann ÁNEÉ le tacaíocht chóiríochta a chur ar fáil do choimeádaithe idirnáisiúnta ar spéis leo tabhairt faoi thaighde ar ealaín chomhaimseartha Éireannach. Meicníocht ríthábhachtach í seo trínar féidir le ÁNEÉ tacú le forbairt gairme d'ealaíontóirí Éireannacha.

Áiríodh leis na healaíontóirí: David Beattie, Böhler agus Orendt, Mark Dion, Mikala Dwyer, Priscila Fernandes, Núria Gúell, James L Hayes, Sam Keogh, Caoimhe Kilfeather, Lee Kit, Antonia Low, Deborah Luster, Denis McNulty, Margaret O'Brien, Bharti Parmar, Diogo Pimentão, Morgan Quaintance, Elise Rasmussen, Oscar Santillan, Naomi Sex, Sonia Sheil, Edward Clydesdale Thompson, Hong - An Trung, Lee Welch.

I measc na gcoimeádaithe, tá Laurel Bradley (Scoláire Fullbright); Kelley O'Brien, i gcomhar leis an MA An Ealaín sa Domhan Comhaimseartha de chuid an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha; seisear coimeádaithe cuairte ón mBeilg go luath i Meitheamh agus coimeádaithe ó Dhébhliantán Learphoill. I measc na malartuithe idirnáisiúnta eile, bhí iad siúd le cónaitheacht choimeádaíochta Koosch, an Iaráin, le Barry Kehoe agus Anne Mullee (Éire) agus le Siamak Delzende (an Iaráin). Leanadh ar aghaidh lenár gcomhoibriú malartaithe le hInstitiúid Ealaíon Fhlóndras nuair a thug seisear Coimeádaithe Éireannacha cuairt athleantach ar an mBeilg, i ndiaidh gur thug seisear Coimeádaithe ón mBeilg cuairt ar Éirinn i Meitheamh. D'fhreastail Seán Kissane thar ceann ÁNEÉ. D'éascaigh an Clár Cónaitheachta líon coimeádaithe cuairte, chomh maith, ón tSeapáin, Prág, an Eilvéis agus ó Pháras.

Bailiúchán ÁNEÉ 2015

Bailiúchán ÁNEÉ ar Taispeáint

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil, anuas ar na ráitis airgeadais iniúchta i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015.

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT

Is é príomhghnó na Cuideachta Áras Nua - Ealaíne na hÉireann ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann a bhainistiú agus a fhorbairt agus Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann agus a thailte a chur chun cinn mar mhóronad cultúir agus ealaíonta atá inrochtana don phobal.

TORTHAÍ

Tá sonraí maidir leis na torthaí le haghaidh na bliana agus staid na ngnóthaí ag deireadh na bliana leagtha amach ar Leathanaigh 6-27.

ATHBHREITHNIÚ AR AN NGNÓ AGUS FORBAIRTÍ AMACH ANSEO

Ag cur san áireamh an laghdú i nDeontas an Oireachtais, bhí an leibhéal gníomhaíochta agus an staid airgeadais ag deireadh na bliana sásúil, mar sin féin, ceapann Bord na Stiúrthóirí go mbeidh borradh amach anseo a thiocfaidh ar ghníomhaíocht ag brath ar mhéaduithe ar Dheontas an Oireachtais aníos ó leibhéal reatha agus ar bhorradh leanúnach ar ioncam a ghineann an Músaem ó fhoinsí eile.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS NEAMHCHINTEACHTAÍ

Tá freagracht ar Bhord na Stiúrthóirí as na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí oibriúcháin na Cuideachta agus tá siad ar an eolas fúthu. Tá siad muiníneach go dtugann córais imleora rialaithe inmheánaigh dearbhú réasúnta i gcoinne na rioscaí siúd agus tá sé d'aidhm acu cloí leis na dlíthe agus na beartais, úsáid éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní na Cuideachta a chinntiú, sócmhainní na Cuideachta a chosaint, agus iomláine na faisnéise airgeadais a tháirgtear a choimeád.

Tá an fhaisnéis airgeadais faoi réir athbhreithniú mionsonraithe agus rialta ar leibhéal an Bhoird agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar oibríochtaí agus stádas airgeadais na Cuideachta á cur san áireamh. Déanann Bord na Stiúrthóirí monatóireacht agus pleanáil leanúnach maidir le himharthanacht airgeadais na heagraíochta i dtimpeallacht chistithe atá ag athrú i gcónaí.

Chomh maith le feidhmiú na nósanna imeachta inmheánacha, tá an Chuideachta faoi réir iniúchadh seachtrach reachtúil. Tá nósanna imeachta agus cleachtais forbartha ag an gCuideachta ar fud na heagraíochta d'fhonn comhlíonadh rialacha agus rialacháin tuairiscithe a chinntiú. Leanfaidh an Chuideachta d'fheabhas a chur ar na córais seo leis na caighdeáin is airde trédhreachta agus chuntasáíochta a choimeád.

STIÚRTHÓIRÍ

Tá ballraíocht an bhoird leagtha amach ar leathanach 1.

DEONACHÁIN PHOLAITIÚLA

Ní dhearna an Chuideachta deonacháin pholaitiúla ar bith le linn na bliana, faoi mar a shainítear san Acht Toghcháin, 1997.

RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA

I gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, réitigh an Chuideachta Ráiteas Sábháilteachta, agus cuireann sí i bhfeidhm é i ngach ceann dá hionaid oibre.

INIÚCHÓIRÍ

Tá an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste freagrach as iniúchadh na Cuideachta de réir Alt 5 den Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Is iad na bearta faoinar thug na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais Ailt 281 go dtí 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014, maidir le leabhair chúí chuntais beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur i bhfeidhm chun idirbhearta a chur i dtaifead, pearsanra inniúil cuntasáochta a fhostú a bhfuil an saineolas cuí acu agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais na cuideachta ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8.

Thar ceann an Bhoird

Cathaoirleach
David Harvey
Dáta: An 5 Nollaig 2016

Stiúrthóir
Penelope Kenny

AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann, aithním ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta go cuí agus go gcuirtear iad i dtaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Ghlac an Bord bearta lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chúil rialaithe i bhfeidhm, tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Cúraimí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun clistí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach faisnéis rialta bhainistíochta agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tairmligin agus freagrachta. Go háirithe, áirítear leis an méid seo a leanas a chinntiú:

- Cosnaítear sócmhainní na cuideachta.
- Tá na taifid airgeadais beacht agus iontaofa.
- Cloítear le gach dlí agus rialachán tuairiscithe.
- Déantar cuntais bhainistíochta mhionsonraithe a ullmhú ar bhonn ráithiúil. Déantar comparáid eatarthu sin agus déantar anailís ar athraitheas ar bith.
- Cuirtear réitigh bhainc i gcrích ar bhonn rialta, agus déantar iad a chur i gcomparáid agus a sheiceáil i dtaobh an Chláir Chomhardaithe.
- Déantar liostáil Féichiúnaithe Trádála aosaithe a ullmhú agus a athbhreithniú gach mí.
- Déantar cuntais chreidiúnaí a réiteach i dtaobh ráitis soláthraí deireadh míosa.
- Cuireadh an oiliúint leordhóthanach ar an bhfoireann go léir chun na córais bhogearraí atá i bhfeidhm a oibriú. Cuirtear nuashonruithe agus an oiliúint chúil i bhfeidhm go rialta.
- Déantar cuntais rialaithe a athbhreithniú ar bhonn rialta.
- Bunaíodh Coiste Iniúcháireachta ar leith i nDeireadh Fómhair 2012.
- Cuireadh Clár Rioscaí i gcrích in 2010. Déanfar athbhreithniú ar an gclár seo gach bliain agus tabharfar suas chun dáta é más cuí.
- Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an Ráiteas Sábháilteachta in Iúil 2015.
- Chuir O'Meara Consulting tús le Tuarascáil Iniúcháireachta Inmheánaí a chumhdaigh Bailiúcháin..

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir leis an mbliain 2015.

Cathaoirleach
David Harvey
Dáta: An 5 Nollaig 2016

**AN RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015**

	NÓTA	2015 €	2014 €
Deontas an Oireachtais	3.	<u>4,850,227</u>	<u>4,638,745</u>
<u>IONCAM EILE</u>			
Gníomhaíochtaí tráchtála	4.	849,949	814,429
Urraíocht	5.	247,718	171,118
Ús infhaighte	6.	110	2,130
Ioncam Eile		21,141	38,750
Fáltais chláir	7.	137,492	205,384
Glanchistiú iarchurtha pinsin	19c.	<u>1,073,069</u>	<u>1,043,305</u>
		<u>2,329,479</u>	<u>2,275,116</u>
<u>IONCAM IOMLÁN</u>		<u>7,179,706</u>	<u>6,913,861</u>
<u>CAITEACHAS</u>			
Gníomhaíochtaí tráchtála	4.	358,938	347,986
Clár ealaíon	7.	1,810,509	1,840,209
Riarachán/coimeádaíocht/slándaíl	8.	2,876,047	2,826,932
Margaíocht	9.	113,819	138,972
Cothabháil	10.	878,094	799,298
Costais Sochar Scoir	19a.	<u>1,096,221</u>	<u>961,843</u>
<u>CAITEACHAS IOMLÁN</u>		<u>7,133,628</u>	<u>6,915,240</u>
Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh leithreasú	2.	46,078	(1,379)
An t-iarmhéid a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir		<u>(237,074)</u>	<u>(235,695)</u>
An t-iarmhéid a tugadh anonn an 31 Nollaig		<u>(190,996)</u>	<u>(237,074)</u>

Cruthaíonn an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go dtí 22 cuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

Cathaoirleach
David Harvey
Dáta:

Stiúrthóir
Penelope Kenny

AN RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

2015

	NÓTA	2015 €	2015 €	2014 €	2014 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA					
Sócmhainní Oidhreachta	12.	30,411,827		30,411,827	
Maoin, gléasra agus trealamh	13.	<u>203,780</u>	30,615,607	<u>179,887</u>	30,591,714
SÓCMHAINNÍ REATHA					
Fardal	14.	65,798		66,441	
Infháltais	15.	286,614		164,711	
Airgead agus coibhéisí airgid		<u>342,202</u>		<u>420,081</u>	
		<u>694,614</u>		<u>651,233</u>	
DLITEANAIS REATHA: suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin					
Suimeanna Iníoctha	16.	<u>(1,043,603)</u>		<u>(1,053,013)</u>	
GLANLDITEANAIS REATHA			<u>(348,989)</u>		<u>(401,780)</u>
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA			30,266,618		30,189,934
Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha roimh Shochair Scoir					
Sócmhainn Chistithe larchurtha Sochar Scoir	19c.	17,057,060		16,580,988	
Oibleagáidí Sochar Scoir	19b.	<u>(17,057,060)</u>	<u>0</u>	<u>(16,580,988)</u>	<u>0</u>
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA			<u>30,266,618</u>		<u>30,189,934</u>
A LÉIRÍONN:					
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta			(190,996)		(237,074)
Cuntas Caipitil (Saothair Ealaíne)	18.		30,367,771		30,367,771
Deontais larchurtha an Oireachtais	3.		<u>89,843</u>		<u>59,237</u>
			<u>30,266,618</u>		<u>30,189,934</u>

Cruthaíonn an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go dtí 22 cuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

Cathaoirleach
David Harvey
Dáta:

Stiúrthóir
Penelope Kenny

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos bonn na cuntasáíochta agus na beartais shuntasacha chuntasáíochta ar ghlac Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann leo. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Bunaíodh Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann faoi Acht na gCuideachtaí, 1963, agus tá ceannoifig an Mhúsaem lonnaithe ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8.

FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA

Tá an Chuideachta, a corpraíodh an 18 Aibreán 1985 faoi Acht na gCuideachtaí, 1963, faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici.

Tá gach ball faoi dhliteanas fhiacha agus dhliteanais na Cuideachta i gcás go dtarlódh foirceannadh a mhéid leis an tsuim sin a d'fhéadfadh bheith ag teastáil ach gan é a bheith níos mó ná €1.27 in aghaidh an bhaill.

b. PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT

Is é príomhghnó na Cuideachta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann a bhainistiú agus a fhorbairt agus Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann agus a thailte a chur chun cinn mar mhóronad cultúir agus ealaíonta atá inrochtana don phobal.

Aonán Tairbhe Poiblí is ea Áras Nua-Ealaíne na hÉireann.

c. RÁITEAS COMHLÍONTA

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Áras Nua-Ealaíne na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 i gcomhréir le FRS FRS102, an chaighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an CTA), arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Is é seo chéad sraith ráitis airgeadais Áras Nua-Ealaíne na hÉireann a ullmhaíodh i gcomhréir le FRS102. Is é an dáta aistrithe chuig FRS102 an 1 Eanáir 2014. Níor imir an t-aistriú chuig FRS102 aon tionchar ar a shuíomh tuairiscithe airgeadais ná ar a fheidhmíocht airgeadais.

d. BONN AN RÉITIGH

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i dtaobh sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasáíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le comhthoilíú an Aire Airgeadais faoi Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh na beartais chuntasáíochta a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodas ag déileáil leis na hearraí a mheastar atá ábhartha maidir le ráitis airgeadais Áras Nua-Ealaíne na hÉireann.

e. IONCAM

DEONTAIS AN OIREACHTAIS (Neamhchaipiteal)

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhruithe; eisceacht amháin ina leith seo iad Deontais an Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

DEONTAIS AN OIREACHTAIS (Caipiteal)

Meastar gurb ionann deontais a leithdháileadh chun saothair ealaíne a fháil agus caipiteal a tugadh mar thabhartas agus aistrítear iad chuig an gCuntas Caipitil (Saothair Ealaíne). Déantar deontais a leithdháileadh chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach a amúchadh thar shaolré na sócmhainne seasta ábhartha a ceannaíodh.

IONCAM Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ TRÁCHTÁLA

Cuirtear ioncam ó Ghníomhaíochtaí Tráchtála na Cuideachta i gcuntas ar bhonn fabhrúithe agus déantar é a thuairisciú gan Cáin Bhreisluacha a chur san áireamh.

URRAÍOCHT

Cuirtear ioncam urraíochta chun sochair an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas infheidhme. Sa chás go ndearnadh caiteachas a iarchur chuig tréimhse amach anseo, iarchuirfear aon ioncam a bhaineann leis an gcaiteachas sin chomh maith.

f. CUNTAS CAIPITIL (Saothair Ealaíne)

Léirítear sa Chuntas Caipitil (Saothair Ealaíne) an t-ioncam a leithdháileadh chun saothair ealaíne a fháil agus luach na n-oibreacha a tugadh don Chuideachta faoin reachtaíocht Chánach mar thabhartas.

g. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

Luaitear Maoin, Gléasra agus Trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnach, agus coigeartaítear iad d'aon fhoráil le haghaidh lagú. Gearrtar dímheas ar bhonn líne dhíreach ar an ráta bliantúil a leagtar amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, atá coigeartaithe ar mhaithe le luach iarmharach, thar a saolré ionchasach úsáide.

Troscán, Feistis agus Trealamh 25% sa bhliain

Mótarfheithiclí 25% sa bhliain

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair i ndiaidh sócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh costais mheasta diúscairthe a asbhaint, má bhí aois bainte amach ag an tsócmhainn cheana féin agus má bhí an bhail uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáide.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil i leith lagú luach sócmhainne, aithnítear cailteanas lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain.

h. SÓCMHAINNÍ OIHRREACHTA (Saothair Ealaíne)

Tá gach saothar ealaíne a chuirtear i dtaifead sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais de chineál ealaíonta agus coimeádtar iad go príomha mar gheall ar an méid a chuireann siad le heolas agus le cultúr.

Tá foirgneamh an Ospidéal Ríoga agus aon láithreacha eile a oibríonn ÁNEÉ faoi úinéireacht agus cothabháil an Stáit agus níl siad faoi úinéireacht na Cuideachta.

Nochtadh:

1) Cineál agus scála na sócmhainní oidhreachta atá á gcoimeád ag ÁNEÉ.

Tá an Bailiúchán Náisiúnta d'ealaín nua-aimseartha agus chomhaimseartha suite in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus tá ann 3,831 saothar faoi na mórtheidil a leanas:

- Ealaín Ghrafach agus Grianghrafadóireacht – tagraíonn seo do shaothair dhéthoiseacha ar dhromchla réidh, ar nós priontaí, líníochtaí agus grianghrafadóireachta

- Péintéireacht – péinteáil ar dhromchla soladach, ar nós canbháis, cláir nó lín

- Dealbhóireacht – earra tríthoiseach
- Suiteán – saothair thríthoiseacha is minic a bhaineann go sonrach le suíomh agus atá in ainm is braistint an spáis a chlaochlú. Is minic go mbíonn saothair chlosamhairc i gceist leis seo a dhéanann spás a chlaochlú.
- Meáin Nua/Eile – ealaín dhigiteach, grafaic ríomhaire, beochan ríomhaire/saghsanna eile de mheáin – taipéis, saothair ina bhfuil meáin iolracha agus cartlann ÁNEÉ.

Tá an bailiúchán suite go daingean san am i láthair agus cuirtear saothair nua thábhachtacha leis an mbailiúchán gach bliain. Is minic go gcuirtear barr feabhais ar ár mbailiúchán d’ealaín nua-aimseartha trí cheannach, coimisiúnú, tabhartas nó iasacht agus béim ar leith ar obair ó na 1940idí ar aghaidh.

2) An beartas um shócmhainní oidhreachta a fháil, a chaomhnú, a bhainistiú agus a dhiúscairt.

Bunaíodh Áras Nua-Ealaíne na hÉireann mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aige faoi Acht na gCuideachtaí, 2014. Institiúid Náisiúnta Chultúrtha sinn faoi choimirce an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

Éadáil.

Is é Bailiúchán ÁNEÉ an Bailiúchán Náisiúnta de Nua-Ealaín agus d’Ealaín Chomhaimseartha agus déanann sé bailiú san am i láthair. Is é a shainchúram chun ealaín an ama i láthair a bhailiú don am anseo, chun príomhfhorbairtí atá tagtha ar an gcultúr comhaimseartha amhairc a léiriú agus chun iad a choimeád san fhearann poiblí don ghluin amach anseo.

Tabhartas.

Caithfidh an Stiúrthóir agus an Ceann Bailiúchán gach tabhartas a fhaomhadh le haghaidh éadála sular féidir iad a thabhairt os comhair an choiste éadála.

Ceannach.

Caithfidh an Stiúrthóir agus an Ceann Bailiúchán gach ceannach a fhaomhadh i dtosach báire sula dtugtar iad os comhair an choiste éadála. Tá sé faoi lánrogha an Stiúrthóra chun saothair a cheannach a mhéid le luach áirithe.

Caomhnú agus Bainistíocht.

Déanann ÁNEÉ monatóireacht agus i bhformhór na gcásanna, rialú gníomhach ar an timpeallacht (teocht, bogthaise, leibhéil solais) chun fad a chur le saolré na sócmhainní. Déanaimid idirchaidreamh, chomh maith, leis na saineolaithe caomhnaithe, nuair is gá. Déantar na saothair ealaíne a thaispeáint go poiblí de réir uainíochta i gclár poiblí ÁNEÉ. Féadtar saothair aonair a fheiceáil atá stóráilte i ndiaidh coinne roimh ré a dhéanamh.

Diúscairt.

Ní dhéanann ÁNEÉ aon saothair ealaíne a dhiúscairt ar mhaithe le brabús airgeadais. Faoi chúinsí eisceachtúla, mura féidir saothar ealaíne a shlánú (i.e. ní féidir é a chaomhnú), baintear an saothar ealaíne ón mbunachar agus déantar é a dhíchoimisiúnú.

Déanann an Músaem saothair ealaíne a éadáil ar roinnt modhanna;

- a) Tabhartais faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.
- b) Saothair Ealaíne a Tugadh mar Thabhartas
- c) Saothair Ealaíne a Ceannaíodh.

3) Áirítear leis na beartais chuntasaíochta lenar nglacadh le haghaidh sócmhainní oidhreachta, sonraí san áireamh faoi bhoinn tomhais a úsáideadh.

Seo a leanas an Luach a cuireadh ar an tsócmhainn ag tráth na héadála:

- a) Tabhartais faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Is féidir dliteanais chánach áirithe a réiteach trí earra tábhachtach oidhreachta a thabhairt mar thabhartas do bhailiúchán sonraithe náisiúnta a fhad agus a chomhlíontar coinníollacha áirithe. Déantar an luach margaidh a mheasúnú ag tráth an tabhartais.

b) Saothair Ealaíne a Tugadh mar Thabhartas.

Déanann saineolaí inmheánach iad seo a luacháil ag trátha na héadála bunaithe ar shaothair ealaíne inchomparáide agus ar thosca sheachtracha an mhargaidh.

c) Saothair Ealaíne a Ceannaíodh.

Cuirtear iad seo i gcuntas ar chostas na héadála.

Ní thugann an Músaem faoi luacháil bhliantúil agus, dá bharr, tugtar saothair ealaíne anonn ar a gcostas ag dáta na héadála.

4) Cuirtear gach sócmhainn oidhreachta san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

5) Nochtar Sócmhainní Oidhreachta a chuirtear i gcuntas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais i Nóta 12.

Nochtar achoimre ar idirbhearta a bhaineann le Sócmhainní Oidhreachta a léiríonn costas agus luach na sócmhainní a rinneadh a éadáil sa tréimhse i ngach ceann de na catagóirí a dtugtar cuntas orthu, i Nóta 12.

6) Seachas na saothair ealaíne a ceannaíodh agus a tugadh mar thabhartas faoi Alt 1003, dhearbhaigh saineolaithe inmheánacha luach iontaofa cóir le haghaidh na saothar ealaíne a tugadh mar thabhartas ag dáta na héadála, bunaithe ar cheann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:

i) Luachanna scríofa a cuireadh i dtaifead ar dtús (sa chás gurb infheidhme) nuair a tháinig na saothair ealaíne go dtí ÁNEÉ ar dtús

ii) Luachanna ar a ndearnadh taighde trí leas a bhaint as Artnet, seirbhís luachála ar líne, a chuireann i dtaifead na praghsanna a baineadh amach ag na ceantanna agus na díolacháin go léir ar fud an domhain maidir leis an nua-ealaín agus an ealaín chomhaimseartha

iii) Comhairle ó dhánlanna, gníomhairí ealaíontóirí agus ó ealaíontóirí

i. FARDAL

Luaitear an fardal ar an gcostas is ísle agus ar an nglanluach inréadaithe. Is é an sainmhíniú a thugtar ar ghlanluach inréadaithe ná an praghas measta díola lúide gach costas a thabhófar chun margaíocht, díol agus dáileadh a dhéanamh.

j. CÁNACHAS

Tá an Chuideachta díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi alt 7 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

K. SOCHAR SCOIR

Oibríonn an Músaem scéim pinsin sochair shainithe, atá cistithe go bliantúil ar bhonn 'íoc de réir a chéile' ó airgead atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta dó.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a mheastar atá in-aisíoctha leis an Roinn i gcomhréir le socruithe maoinithe. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar luach cóir, a eascraíonn ó oibleagáidí pinsin Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus as aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta inar thuill fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

I. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA

Is gá bainistíocht a dhéanamh ar ullmhú na ráiteas airgeadais chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dháta an chláir chomhardaithe agus na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. I ngeall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadadh na torthaí iarbhir a bheith éagsúil ó na meastacháin siúd. D'imir na breithiúnais a leanas an tionchar ba shuntasáí ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

a) Lagú Maoine, Gléasra agus Treailaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta le haghaidh lagú pé uair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach bhfuil an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear cailteanas lagaithe don tsuim lena sáraítear suim inghnóthaithe shuim thugtha anonn na sócmhainne. Is í an tsuim inghnóthaithe an luach cóir is airde a bhíonn ar shócmhainn lúide an costas chun í a úsáid agus an luach a bhí uirthi nuair a bhí sí á húsáid. Ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ar na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid atáthar in ann a shainaithe ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a bhí thíos le lagú i dtaobh aisiompú féideartha an lagaithe ag dáta gach tuairiscithe.

b) Dímhéas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar na saolréanna sócmhainne agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme shócmhainne seasta agus, go háirithe, saolré úsáideach gheilleagrach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain siad an tátal as go bhfuil saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha cuí.

c) Oibleagáid Sochar Scoir

Nuashonraítear na toimhdí a bhuntacaíonn leis na luachálacha achtúireacha dá ndeimhnítear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortláíochta agus treorátaí costas cúram sláinte ina measc) gach bliain bunaithe ar choinníollacha reatha eacnamaíochta, agus d'aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

Féadfaidh na rudaí a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- i) An ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí ardchaighdeán corparáideacha.
- ii) Leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha an mhargaidh shaothair amach anseo.
- iii) Treorátaí costas cúram sláinte, an ráta de bhoilsciú costas leighis sna réigiúin ábhartha.

2) EASNAMH OIBRIÚCHÁIN DON BHLIAIN

Luaitear an t-easnamh i ndiaidh an méid a leanas a mhuirearú:

	2015	2014
	€	€
Luach saothair na n-iniúcháirí	15,980	15,980
Amúchadh	(29,619)	(29,619)
Dímheas	<u>120,595</u>	<u>158,859</u>

3) DEONTAS AN OIREACHTAIS

	2015	2014
	€	€
Iarmhéid tosaigh	59,237	88,856
Deontais an Oireachtais a fuarthas	4,807,000	4,720,207
Deontais an Oireachtais a fuarthas - caipiteal	<u>80,300</u>	<u>0</u>
	4,946,537	4,809,063
Lúide		
Leithdháilte ar na Coimisinéirí Ioncaim	(4,827,075)	(4,720,207)
Deontas Caipitil a amúchadh ar aon dul le dímheas	<u>(29,619)</u>	<u>(29,619)</u>
Iarmhéid Deiridh	<u>89,843</u>	<u>59,237</u>
Deontais an Oireachtais a leithdháileadh do na Coimisinéirí Ioncaim	4,827,075	4,720,207
Lúide:		
Glanoibleagáidí Sochar Scoir (in-aisíochta)/iníochta	<u>23,152</u>	<u>(81,462)</u>
Deontas an Oireachtais a tuairiscíodh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim	<u>4,850,227</u>	<u>4,638,745</u>

4) GNÍOMHAÍOCHTAÍ TRÁCHTÁLA

	2015 €	2014 €
<u>Láimhdeachas</u>		
An t-áitreabh agus trealamh a fhrúiliú	382,192	308,103
Móinéir/áiteanna faoin spéir a fhrúiliú	258,917	250,354
Ioncam saincheadúnais	56,199	60,595
Ioncam ón gcarrchlós	19,812	24,382
Díolacháin sa siopa leabhar	<u>132,829</u>	<u>170,995</u>
	<u>849,949</u>	<u>814,429</u>
<u>Costas Díolachán</u>		
Forchostais siopa leabhar	81,458	101,949
Pá an tSiopa Leabhar	71,289	69,211
Muirear seirbhíse (Caisleán Bhaile Átha Cliath)	0	15,623
Pánna agus tuarastail	112,314	56,066
Glantachán	29,359	45,269
Costais dhíreacha oibriúcháin	55,812	56,168
Dímheas	<u>8,706</u>	<u>3,700</u>
	<u>358,938</u>	<u>347,986</u>
Barrachas	<u>491,011</u>	<u>466,443</u>

5) URRAÍOCHT

	2015 €	2014 €
Iarmhéid Tosaigh	11,000	11,000
Infhaighte i rith na bliana	<u>254,718</u>	<u>171,118</u>
	265,718	182,118
<u>Lúide</u>		
Leithdháilte do na Coimisinéirí Ioncaim - Urraíocht	<u>(247,718)</u>	<u>(171,118)</u>
Iarmhéid Deiridh	<u>18,000</u>	<u>11,000</u>

6) ÚS INFHAIGHTE

	2015 €	2014 €
Ús bainc infhaighte	<u>110</u>	<u>2,130</u>

7) **CLÁR EALAÍON**

	2015	2014
	€	€
Fáltais Chláir	<u>137,492</u>	<u>205,384</u>
Costas an Chláir		
Pánna agus Tuarastail	881,740	969,673
Dímheas	48,288	52,728
Taispeántais:		
- Costais reatha	648,766	597,007
Bailiúchán Buan	150,197	153,613
Costais oideachais agus phobail	47,661	47,805
Oideachas – Táillí	<u>33,857</u>	<u>19,383</u>
	<u>1,810,509</u>	<u>1,840,209</u>
Glanchoastas	<u>1,673,017</u>	<u>1,634,825</u>

8) **RIARACHÁN/COIMEÁDAÍOCHT/SLÁNDÁIL**

	2015	2014
	€	€
Pánna agus Tuarastail	2,332,235	2,318,422
Muirir earcaíochta	11,149	2,829
Oiliúint	36,658	5,946
Postas agus guthán	42,411	36,954
Mótar agus taisteal	17,029	10,335
Suibscríbhinní	9,970	12,413
Táillí gairmithe	40,667	49,758
Soláthairtí agus páipéarachas oifige	141,577	136,838
*Réiteach ex-gratia	25,058	17,500
Ilearraí	8,149	4,785
Costais an tSiopa Caife/an Cheaintín	6,865	7,395
Cruinnithe Boird/Cónascadh	3,904	5,110
Costais na Stiúrthóirí	3,830	4,492
An Bord – Costais Chomhaltaí	853	957
Árachas	12,433	12,990
Glantachán	105,408	68,057
Slándáil	24,687	32,040
Dímheas	33,982	72,813
Táillí bainc	9,145	11,831
Sláinte agus sábháilteacht	<u>10,037</u>	<u>15,467</u>
	<u>2,876,047</u>	<u>2,826,932</u>

* D'fhaomh an Bord réitigh ex-gratia maidir le poist an chúntóra riaracháin sa rannóg coimeádaíochta agus bainisteoir an tSiopa Leabhar. Rinneadh na híocaíochtaí seo i Márta 2014 agus Eanáir 2015, faoi seach.

Ní dhearnadh aon duine de na daoine seo a athfhostú i gcáil ar bith laistigh den mhúsaem.

9) MARGAÍOCHT

	2015	2014
	€	€
Fógraíocht	69,886	49,048
Pánna	23,828	38,467
Caidreamh poiblí	<u>20,105</u>	<u>51,457</u>
	<u>113,819</u>	<u>138,972</u>

10) COTHABHÁIL

	2015	2014
	€	€
Slándáil	298,021	297,910
Pánna Slándála	77,141	72,998
Gás	234,001	187,818
Leictreachas	236,911	206,900
Uisce	10,425	12,133
Glantachán	<u>21,595</u>	<u>21,539</u>
	<u>878,094</u>	<u>799,298</u>

11) FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

Ba é an meánlíon daoine a d'fhostaigh an chuideachta sa bhliain airgeadais 81 duine (2014 – 77) agus déantar anailís air sin sna catagóirí seo a leanas:

	2015	2014
Fleá agus Lónadóireacht	6	4
Clár	56	49
Riarachán	<u>19</u>	<u>24</u>
	<u>81</u>	<u>77</u>
Ba iad na costais foirne:		
	2015	2014
	€	€
Pánna agus Tuarastail		
Nóta 4	112,314	56,066
Nóta 4 – Siopa Leabhar	71,289	69,211
Nóta 7	881,740	969,673
Nóta 8	2,332,235	2,318,422
Nóta 9	23,828	38,467
Nóta 10	<u>77,141</u>	<u>72,998</u>
Costais Iomlána Phá	<u>3,498,547</u>	<u>3,524,837</u>

Ba iad na Costais Foirne:

	2015	2014
	€	€
Pánna agus Tuarastail	<u>3,176,897</u>	<u>3,210,967</u>
Costais Árachais Shóisialaigh	<u>321,650</u>	<u>313,870</u>
	<u>3,498,547</u>	<u>3,524,837</u>

In 2015, rinneadh €121,090 (2014: €135,859) de thobhach pinsin a asbhaint agus a íoc leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Ba é tuarastal an Stiúrthóra €85,720 in 2015 (2014 - €85,720).

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Stiúrthóra na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim aoisliúntais shochair shainithe de chuid na hearnála poiblí. Ní bhfuair an Stiúrthóir aon dámhachtain phá a bhain le feidhmíocht. Is féidir leis an Stiúrthóir an gluaisteán cuideachta a úsáid, ach ní hé an Stiúrthóir amháin a úsáideann an gluaisteán seo.

Ba iad na Líonta ECF ag deireadh na bliana 2015 67 (2014 - 66).

MIONDEALÚ AR SHOCHAIR FOSTAITHE

Réimse na sochar iomlán fostaithe	Líon na bhFostaithe in 2015	Líon na bhFostaithe in 2014
€60,000 - €69,999	5	4
€70,000 - €79,999	1	1
€80,000 - €89,999	1	1

12) SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA (SAOHAIR EALAÍNE)

Faoi mar ar tugadh cuntas air i mBeartas Cuntasaíochta 1, aithníonn an Músaem gach sócmhainn oidhreachta a ceannaíodh nó a rinneadh a éadail ón mbliain 1990 ar aghaidh. Tugtar na sócmhainní siúd anonn ar a gcostas ag dáta na héadála agus déantar coigeartú le haghaidh lagú sa chás gur gá. Leagtar amach na hidirbhearta don bhliain 2015 agus do na ceithre bliana cuntasaíochta roimhe sin thíos.

a) Ceannach agus Ceannach Cúnta

	2015	2014
	€	€
Costas an 1 Eanáir	7,365,677	7,349,244
Faighte i rith na bliana	<u>0</u>	<u>16,433</u>
Costas an 31 Nollaig	<u>7,365,677</u>	<u>7,365,677</u>

Is ionann costas ceannaigh agus ceannaigh chúnta agus an costas ag dáta na héadála. Ní thugann an Músaem faoi luacháil bhliantúil.

b) Alt 1003

	2015	2014
	€	€
Luacháil amhail an 1 Eanáir	<u>10,423,363</u>	<u>10,423,363</u>
Luacháil amhail an 31 Nollaig	<u>10,423,363</u>	<u>10,423,363</u>

Faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, is féidir roinnt dliteanais chánach a réiteach trí earraí tábhachtacha oidhreachta a thabhairt mar thabhartas do bhailiúchán sonraithe náisiúnta. Déanann na Coimisinéirí loncainm an luach margaidh a mheasúnú ag tráth an tabhartais.

c) Ciste Oidhreachta

	2015	2014
	€	€
Luacháil amhail an 1 Eanáir	<u>1,300,000</u>	<u>1,300,000</u>
Luacháil amhail an 31 Nollaig	<u>1,300,000</u>	<u>1,300,000</u>

I ndiaidh go ndearna Comhairle na nInstitiúidí Náisiúnta Cultúrtha agus an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireacht, ag an tráth sin, moladh, le toiliú an Aire Airgeadais, rinneadh 3 shaothar ealaíne le James Coleman a cheannach faoi théarmaí an Achta Oidhreachta, 2001.

Tá seo amach ó, ach cumhdaithe faoi théarmaí Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

d) Saothair Ealaíne a Tugadh mar Thabhartas

	2015	2014
	€	€
Luacháil amhail an 1 Eanáir	<u>11,322,787</u>	<u>11,322,787</u>
Luacháil amhail an 31 Nollaig	<u>11,322,787</u>	<u>11,322,787</u>

Dhearbhaigh saineolaithe inmheánacha luach iontaofa cóir le haghaidh na saothar ealaíne a tugadh mar thabhartas ag dáta na héadála, bunaithe ar cheann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:

- (i) Luachanna scríofa a cuireadh i dtaifead ar dtús (sa chás gurb infheidhme) nuair a tháinig na saothair ealaíne go dtí ÁNEÉ ar dtús
- (ii) Luachanna ar a ndearnadh taighde trí leas a bhaint as Artnet, seirbhís luachála ar líne, ina ndéantar praghsanna a fhaightear ag na ceantanna agus na díolacháin go léir ar fud an domhain maidir leis an nua-ealaín agus an ealaín chomhaimseartha
- (iii) Comhairle ó dhánlanna, gníomhairí ealaíontóirí agus ó ealaíontóirí

2015

2014

	€	€
SAOTHAIR IOMLÁNA EALAÍNE	<u>30,411,827</u>	<u>30,411,827</u>

Achoimre Airgeadais Cúig Bliana ar Idirbhearta Sócmhainn Oidhreachta

	2015	2014	2013	2012	2011
	€	€	€	€	€
Ceannach:					
Ealaín Ghrafach/Grianghrfach	-	-	770	-	12,570
Péintéireacht	-	-	-	7,961	42,898
Dealbhóireacht	-	3,972	-	-	14,433
Meáin Nua/Eile	-	-	3,000	5,151	18,000
Suiteán	-	12,461	-	-	-
Iomlán	<u>=</u>	<u>16,433</u>	<u>3,770</u>	<u>13,112</u>	<u>87,901</u>
Alt 1003	-	-	-	-	-
Ciste Oidhreachta	-	-	-	-	-
Tabhartais:					
Ealaín	-	-	-	-	-
Ghrfach/Grianghrfadóireacht	-	-	-	-	-
Péintéireacht	-	-	-	-	15,210
Dealbhóireacht	-	-	-	-	25,000
Meáin Nua/Eile	-	-	-	-	-
Suiteán	-	-	-	-	128,980
Iomlán	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>169,190</u>
Olliomlán	<u>=</u>	<u>16,433</u>	<u>3,770</u>	<u>13,112</u>	<u>257,091</u>

e) Sócmhainní a choimeádtar thar ceann tríú páirtithe

Iontaobhas Gordon Lambert

Luacháil 2,914,828

Bailiúchán Madden Arnholz

Luacháil 750,000

Baineann suimeanna a chuirtear san áireamh i Nóta 12(e) le sócmhainní a dhéanann ÁNEÉ a choimeád agus a chothabháil, nár bronnadh teideal dlíthiúil orthu go fóill.

Fágadh as an áireamh iad ón ráiteas ar an Staid Airgeadais, mar dhea. Rinne Iontaonbhas Carthanúil Nua-Ealaíne Gordon Lambert an luacháil a rinneadh ar Bhailiúchán Gordon Lambert nuair a rinneadh an Bailiúchán a thabhairt mar thabhartas do ÁNEÉ i 1992.

Ar feitheamh acmhainní chun íoc as luacháil ghairmiúil a dhéanamh ar Bhailiúchán Madden Arnholz ag speisialtóir sa mhargadh priontaí seanda, shann ceann bailiúchán ÁNEÉ, le cuidiú ó chláráitheoir bailiúchán ÁNEÉ il-luacháil don Bhailiúchán in 2009.

13) SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Mótarfheith hiclí	Troscán, Feistis agus Trealamh	Iomlán
	€	€	€
COSTAS			
Costas amhail an 1 Eanáir 2015	22,555	1,208,368	1,230,923
Breisiúcháin	<u>0</u>	<u>144,488</u>	<u>144,488</u>
Costas an 31 Nollaig 2015	<u>22,555</u>	<u>1,352,856</u>	<u>1,375,411</u>
DÍMHEAS			
Dímheas an 1 Eanáir 2015	22,555	1,028,481	1,051,036
Muirear don bhliain	<u>0</u>	<u>120,595</u>	<u>120,595</u>
Dímheas an 31 Nollaig 2015	<u>22,555</u>	<u>1,149,076</u>	<u>1,171,631</u>
GLANLUACH LEABHAR			
An 31 Nollaig 2014	<u>0</u>	<u>179,887</u>	<u>179,887</u>
An 31 Nollaig 2015	<u>0</u>	<u>203,780</u>	<u>203,780</u>

Ní hionann an muirear dímheasa €90,976, faoi mar a nochtar i Nótaí 4, 7 agus 8 agus an muirear dímheasa a thaispeántar thuas, mar thoradh ar amúchadh an deontais chaipitil €29,619 agus déantar Nóta 2 a sheach-chur i gcoinne an mhuirir dímheasa iomláin sa tréimhse.

14) FARDAL

	2015	2014
	€	€
Earraí a cuireadh i gcrích (Eagráin agus Catalóga)	<u>65,798</u>	<u>66,441</u>

15) INFHÁLTAIS

	2015	2014
	€	€
Féichiúnaithe trádála	68,822	18,761
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	<u>217,792</u>	<u>145,950</u>
	<u>286,614</u>	<u>164,711</u>

16) **EARRAÍ INÍOCTHA: suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin**

	<i>Nóta</i>	2015	2014
		€	€
Creidiúnaithe Trádála		157,701	133,625
Fabhruithe		324,498	269,026
ÍMAT/ÁSPC		99,513	62,850
Cáin Shiarchoinneálach		520	4,457
Asbhaintí aoisliúntais *		443,371	572,055
Urraíocht roimh ré	5.	<u>18,000</u>	<u>11,000</u>
		<u>1,043,603</u>	<u>1,053,013</u>

Níor sholáthair ÁNEÉ aon slándáil maidir leis na creidiúnaithe thuas.

*Tá asbhaintí aoisliúntais €443,371 (2014: €572,055) á gcoimeád ag Áras Nua-Ealaíne na hÉireann maidir leis na blianta ó 2001 go dtí 2010 (na blianta siúd san áireamh) lúide íocaíochtaí pinsin ó 2011 go dtí 2015 (na blianta siúd san áireamh) ar feitheamh soiléiriú ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

17) **TEAGMHAIS**

Rinne soláthraí den chuideachta éileamh maidir le seirbhísí a soláthraíodh do ÁNEÉ i ngnáthchúrsa an ghnó.

Tá aon éilimh a rinneadh in aghaidh na cuideachta á gcosaint aici, i ndiaidh gur cuireadh an chomhairle chuí dlí uirthi. Íocfaidh ÁNEÉ as táillí dlí agus gairmithe a thabhaítear maidir leis an gcomhairle seo ach ní íocfaidh sé as aon éilimh a dhéantar.

18) **CUNTAS CAIPITIL – SAOTHAIR EALAÍNE**

	An Roinn	Ceannach	Tabhartais	Iomlán
	Ealaíon,	Cuidithe		
	Oidhreachta			
	agus Gaeltachta	€		
	€		€	€
An 1 Eanáir 2015	<u>6,843,574</u>	<u>478,047</u>	<u>23,046,150</u>	<u>30,367,771</u>
An 31 Nollaig 2015	<u>6,843,574</u>	<u>478,047</u>	<u>23,046,150</u>	<u>30,367,771</u>

Deonaíodh na suimeanna seo don chuideachta díreach ar mhaithe le saothair ealaíne a cheannach.

19) COSTAIS SOCHAR SCOIR

Anailís ar na costais iomlána sochar scoir a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim

a) Coimeádta	2015	2014
	€	€
Muirear Seirbhíse	887,424	655,286
Ús ar Dhliteanais na Scéime Sochar Scoir	314,329	413,582
Ranníocaíochtaí Fostaí	<u>(105,532)</u>	<u>(107,025)</u>
	<u>1,096,221</u>	<u>961,843</u>

Anailís ar an tsuim a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	2015	2014
	€	€
(Gnóthachan) ó thaithí ar dhliteanais na scéime	(596,997)	(778,874)
Cailteanas/ (gnóthachan) ar athrú toimhdí (airgeadais agus déimeagrafacha)	<u>0</u>	<u>4,842,515</u>
	<u>(596,997)</u>	<u>4,063,641</u>

b) Gluaiseacht ar Ghlanóibleagáidí Sochar Scoir le linn na bliana airgeadais

	2015	2014
	€	€
Glanóibleagáid sochar scoir amhail an 1 Eanáir	(16,580,988)	(11,474,042)
Costas reatha seirbhíse	(887,424)	(655,286)
Íocaíochtaí Pinsin	128,684	25,563
Ús ar Dhliteanais Scéime (Cailteanas)/ gnóthachan achtúireach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	<u>596,997</u>	<u>(4,063,641)</u>
Glanóibleagáidí sochar scoir amhail an 31 Nollaig	<u>(17,057,060)</u>	<u>(16,580,988)</u>

c) Cistiú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir

Aithníonn an Músaem na suimeanna seo amhail bheith ina sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn sraith toimhdí a ndéantar cur síos orthu thíos, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach ann d'aon chomhaontú foirmiúil maidir leis na suimeanna sonracha seo leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, níl aon fhianaise ag an Músaem nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc as na suimeanna siúd faoi mar a bhíonn siad dlite i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. B'ionann an tsócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2015 agus €17,057,060 (2014: €16,580,988).

Ba é seo a leanas an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

	2015	2014
	€	€
Cistiú atá inghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana reatha		
Costais Reatha Seirbhíse	887,424	655,286
Ús ar dhliteanais scéime	314,329	413,582
Íocaíochtaí Pinsin	<u>(128,684)</u>	<u>(25,563)</u>
	<u>1,073,069</u>	<u>1,043,305</u>

d) Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí

	2015	2014
	€	€
(Gnóthachan) ó thaithí ar dhliteanais na scéime	(596,997)	(778,874)
céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	(3%)	(5%)
Cailteanas/(gnóthachan) iomlán a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	(596,997)	4,063,641
céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	(4%)	25%

e) Cur Síos ar an Scéim

Oibríonn an Músaem scéim aoisliúntais sochair shainithe ranníocach dá fhostaithe a tugadh isteach le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2001. Tá an scéim atá á hullmhú don Mhúsaem mar an gcéanna leis an Scéim Aoisliúntais Ghairme do Státseirbhísigh Bhunaithe, is scéim le sochar sainithe í agus tá sí á hoibriú ar bhonn “íoc mar a thuillir”. Asbhaintear na ranníocaíochtaí ó thuarastail. Ar feitheamh ar an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta le cinneadh a dhéanamh faoi conas atáthar le déileáil le ranníocaíochtaí, cuireadh san áireamh iad i gcreidiúnaithe.

Thug achtúire neamhspleách faoin luacháil ar an scéim sochair shainithe ar mhaithe le nochtadh FRS 102 d’fhonn measúnú a dhéanamh ar na dliteanais amhail an 31 Nollaig 2015. Seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais agus comhábhair scoir an chostais sochair shainithe a ríomh:

Modh Luachála	2015	2014
	%	%
Ráta Lascaine	1.90	1.90
Méaduithe ar Thuarastail	3.00	3.00
Méaduithe ar Phinsin	3.00	3.00
Méaduithe ar Bhoilsciú	1.50	1.50

Cuireann an bonn mortlaíochta a glacadh feabhsúcháin ar ionchas saoil le himeachta ama san áireamh, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ar an mbliain ina mbaineann comhalta aois scoir amach (aois 65). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil le haghaidh comhaltaí atá 45 agus 65 bliain d’aois faoi láthair.

Ionchas Saoil d’Fhear aois 65	22.2 bliain
Ionchas Saoil do Bhean aois 65	23.8 bliain
Ionchas Saoil d’Fhear aois 45 bliain anois (ó 65 bliain d’aois ar aghaidh)	24.5 bliain
Ionchas Saoil do Bhean aois 45 bliain anois (ó 65 bliain d’aois ar aghaidh)	25.7 bliain

20) LEASANNA CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a d’eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Níorbh ann d’aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Bhoird.

21) LUACHANNA SAOTHAIR CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Comhalta Boird	Táillí Boird	Costais Dheimhnit he	Cruinnithe ar ar Freastalaí odh
David Harvey (Cathaoirleach) Ceaptha an 25 Samhain 2015	-	-	1/1
Mary Apied Ceaptha an 23 Deireadh Fómhair 2015	-	-	1/1
Jane Dillon-Byrne	-	-	7/7
Dermod Dwyer Ceaptha an 23 Deireadh Fómhair 2015	-	-	1/1
Brendan Flynn	-	503	6/7
Rowan Gillespie	-	-	7/7
Emma Goltz	-	-	7/7
Penelope Kenny Ceaptha an 23 Deireadh Fómhair 2015	-	-	1/1
Eoin McGonigal Scortha de an 9 Iúil 2015	-	-	3/3
Mary McCarthy	-	350	5/7

Eimear O'Connor	-	-	3/7
Julie O'Neill Scortha de an 22 Feabhra 2015	-	-	1/1
Sheila O'Regan	-	-	7/7
Brian Randalow	-	-	7/7

Tá Cathaoirleach an Bhoird i dteideal táille a fháil faoi “táillí iníoctha le comhaltaí bhoird Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí neamhthráchtála”. Tharscaoil an Cathaoirleach an táille ó 2010 go dtí 2015, na bliana siúd san áireamh. Níl Stiúrthóirí an Bhoird i dteideal aon táillí a fháil.

22) FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 13 Meán Fómhair 2016.